CUIREADH DEISEANNA AR FÁIL

TUARASCÁIL GHNÍOMHAÍOCHTA 2018

An Banc Eorpach Infheistíochta
Banc an AE

AN BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA

TUARASCÁIL GHNÍOMHAÍOCHTA 2018

CUIREADH DEISEANNA AR FÁIL

An Banc Eorpach Infheistíochta

Banc an AE

Tuarascáil Ghníomhaíochta an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, 2018

© An Banc Eorpach Infheistíochta, 2019.
Gach ceart ar cosaint.
Ba cheart gach ceist a bhaineann le cearta agus ceadúnú a chur chuig publications@eib.org

Is mian leis an mBanc Eorpach Infheistíochta buíochas a ghabháil leis na tionscnóirí agus leis na soláthraithe seo a leanas a chuir grianghraif ar fáil don tuarascáil seo:
©EIB, RIMAC Gach ceart ar cosaint.
Más mian leat na grianghraif sin a atáirgeadh nó a úsáid, ní mór cead a lorg chuige sin ó shealbhóir an chóipchirt.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le gníomhaíochtaí an BEI, téigh chuig ár láithreán gréasáin, www.eib.org.
Mar mhalairt air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár ndeasc eolais info@eib.org.
Cláraigh le haghaidh ár ríomh-nuachtlitreach ag www.eib.org/sign-up

Arna fhoilsiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.
Eagarthóirí: Foireann Eagarthóireachta an BEI
Leagan Amach: Foireann Grafaice an BEI
Arna chur i gcló ar pháipéar FSC. Clúdach: Seachphriontáil Ardghráid Soporset, Meascán FSC; taobh istigh: Munken Polar, meascán FSC

leagan clóite: QH-BF-19-001-GA-C ISBN 978-92-861-4340-3 doi:10.2867/907873
leagan pdf: QH-BF-19-001-GA-N ISBN 978-92-861-4341-0 doi:10.2867/594606

STRUCHTÚR NA TUARASCÁLA SEO

Is é an Banc Eorpach Infheistíochta an institiúid airgeadais iltaobhach is mó dá bhfuil ann. Más mian leat tuiscint a fháil ar a gciallaíonn sé sin ó thaobh méid iasachtaithe de, caith súil ar na caibidlí **BUAICPHOINTÍ 2018** agus **GRÚPA AN BEI I DO THÍR**. Breathnaigh ar **FOCAL ÓN UACHTARÁN**, áit a dtugann Werner Hoyer léargas ar an straitéis agus ar an mbunús a bhí taobh thiar de ghníomhaíocht an BEI in 2018, agus ní fada go mbeidh tuiscint shoiléir agat ar an tionchar ollmhór atá ag an mBanc agus ar na prionsabail atá mar threoir aige.

Ach tá i bhfad níos mó i gceist leis an mBanc ná an méid airgid a thugann sé amach ar iasacht. Sin an fáth a gcuirimid príomhghnéithe dár spriocanna i lár an aonaigh i dtrí rannóg ar leith sa tuarascáil seo, eadhon: **POIST AGUS FÁS, INBHUANAITHEACHT** agus **COMHIONANNAS INSCNE**. Sna rannóga a bhaineann le poist agus le hinbhuanaitheacht, tugtar insint ar na scéalta trí shúile fhoinse an mhaoinithe – infheisteoir pinsin aonair sa dá chás. Tugtar cuntas ansin ar phróiseas eisiúna na mbannaí agus ar an bpróiseas iasachtaithe, sula gcuirtear an tairbhí deiridh faoi chaibidil. Cuirimid aithne ansin ar bhean sa Chróit ar cruthaíodh a post mar thoradh ar an meicníocht chasta sin, agus ar cheannaire micrea-airgeadais inspioráideach atá ag déanamh difear millteanach ar an láthair sa tSeineagáil. Sa rannóg maidir le comhionannas inscne, gheobhaidh tú eolas ar raon tionscadal, gach ceann acu a chuireann mná agus a slándáil chun cinn sna margaí a dhéanann an BEI ón India go hÉirinn.

Thar aon ní eile, is mian linn insint duit faoi chur chuige inbhuanaithe an BEI i leith deiseanna a chruthú do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus do dhaoine i dtíortha i mbéal forbartha. Seo an scéal faoinar bheartaíomar a dhéanamh in 2018. Anois agus muid ag breathnú siar, táimid in ann a rá go muiníneach bródúil: **CUIREADH DEISEANNA AR FÁIL**.

CLÁR NA nÁBHAR

6 FOCAL ÓN UACHTARÁN

8 BUAICPHOINTÍ 2018

10 GRÚPA AN BEI I DO THÍR

12 BANNAÍ A THUGANN LE CHÉILE MUID — POIST AGUS FÁS

14 MÚINTEOIR A BHFUIL CUMHACHT DHOMHANDA AIGE
15 AIRGEAD A THACAÍONN LEIS AN gCOMHSHAOL
16 BANC AN AE A MHAOINIÚ
18 AN ÉAN É? AN EITLEÁN É? IS FIACHAS FIONTAIR É!
19 SPRIOC BAINTE AMACH
20 CÁ hÁIT AR FÉIDIR LEAT NUÁLAÍOCHT A CHEANNACH?
22 CÉARD A THÁINIG SA CHÉAD ÁIT, AN SICÍN NÓ AN CADHNRA?
23 AN CARR LEICTREACH – AGUS AN CHATHAOIR ROTHAÍ – IS TAPA AR DOMHAN?
24 AN tAIDRIADACH AGUS TIONSCAL NA gCARRANNA A GHLANADH SUAS

26 AN BÓTHAR FADA, PRÁINNEACH — INBHUANAITHEACHT

28 TÓGTHA IN ÁIT AR LEITH
29 DUALGAS AN SAOL A CHOSAINT
30 BANNAÍ NUA I dTREO NA hINBHUANAITHEACHTA
32 NÍ SLÁINTE NA LEANAÍ GO SLÁINTÍOCHT NÍOS FEARR
33 INBHUANAITHEACHT SAN FHADTRÉIMHSE
34 GNÍOMHAÍ Ó BHREITH
35 CABHRAÍONN FONDÚIREACHT MHICREACHREIDMHEASA LE DAOINE ÉALÚ Ó GHREIM NA BOCHTAINEACHTA

36 DÉAN IARRACHT LEATH DEN DOMHAN A CHUR AS DO CHEANN — COMHIONANNAS INSCNE

38 DEARAÍ DON TODHCHAÍ
39 CUMHACHT (IN-ATHNUAITE) NA mBAN
40 MICRIASACHTAÍ A BHFUIL TIONCHAR MÓR ACU
41 AR THÚS CADHNAÍOCHTA SAN INTLEACHT SHAORGA AGUS SA tSLÁINTE

42 AN CHÉAD CHÉIM EILE

FOCAL ÓN UACHTARÁN

Ar an bhfód anois le 60 bliain, ba léir don Bhanc Eorpach Infheistíochta i mbliana go raibh tacaíocht láidir Eorpach agus eiseamláirí cobhsaíochta ag teastáil go géar. Tháinig treoirphrionsabail agus iltaobhachas na hEorpa faoi ionsaí ag an náisiúnachas cúngaigeanta. Ag an am céanna, bhí ar an mBanc cos a choinneáil le dálaí eacnamaíocha a bhí ag athrú, leis an meath a leanann ar aghaidh ar iomaíochas na hEorpa agus leis an easnamh nuálaíochta san earnáil airgeadais.

Is údar bróid dom gur éirigh le Grúpa an BEI a bhealach a dhéanamh trí na contúirtí sin ar bhealach sofhreagrúil, rud nach mbíonn indéanta in institiúidí clúiteacha móra de ghnáth. Tá leagtha amach sa tuarascáil seo an tionchar a bhí ag an BEI i gcaitheamh na bliana ar phríomhcheisteanna na linne seo, amhail iomaíochas, poist, comhionannas inscne agus inbhuanaitheacht. Rinneamar caidreamh le comhpháirtithe nua, lorgaíomar cliaint nua agus bhreathnaíomar go mion ar smaointe nua. Bhí neart brú orainn an t-am ar fad mar gheall ar eachtraí seachtracha ar nós Brexit, agus an gá a d'eascair as sin le bonn daingean a chur faoinár gceanglais chaipitil. Is iomaí infheistíocht nua a rinne an BEI i mbliana a bheidh ina foinse post agus fáis inbhuanaithe as seo go ceann i bhfad. Is é fírinne an scéal go bhfuil an eagraíocht níos láidre anois ná riamh. Leanaimid orainn ag infheistiú san Eoraip.

Is iad poist agus fás cuspóirí uileghabhálacha an Phlean Infheistíochta don Eoraip, agus in 2018 sháraigh an EIB a spriocanna sa dá chroí den Phlean a bhfuil sé freagrach astu. Roimh an sprioc trí bliana, bhain an Ciste Eorpach um Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) amach a sprioc €315 billiún maidir le hinfheistíocht a spreagadh. Rinne sé an méid sin ar bhealach a thug cothrom na Féinne do na réigiúin éagsúla ar fud an Aontais Eorpaigh. Is sna tíortha ba mheasa a bhí buailte ag an ngéarchéim airgeadais a fheictear an tionchar díreach is mó. Sna réigiúin chomhtháthaithe, léiríonn ár n-anailís eacnamaíoch gur iontach an tionchar fadtréimhseach atá ag an CEIS, agus é ag feabhsú an iomaíochais agus ag cur borradh faoi fhás geilleagrach amach anseo.

Rinne an CEIS an riosca a bhaineann lena chuid infheistíochtaí a laghdú agus spreag maoiniú príobháideach: thug an Coimisiún Eorpach urrús a chuir ar chumas Ghrúpa an BEI a chuid airgid féin a úsáid le hiasachtaí a thabhairt do thionscadail a raibh ní ba mhó riosca ag baint leo ná mar a bhíonn de ghnáth agus le hinfheisteoirí san earnáil phríobháideach a spreagadh chun infheistiú. Dhírigh an CEIS ar earnálacha nuálaíochta agus ar ghnóthais bheaga, áit a raibh géarghá lena chúnamh. (Tabhair do d'aire go ndéanaim tagairt don mhéid atá bainte amach ag Grúpa an BEI faoin CEIS toisc gur cumhachtach an rud é an Ciste Eorpach Infheistíochta ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'earnáil ríthábhachtach na ngnóthas beag agus meánmhéide faoin bPlean Infheistíochta don Eoraip.) Leanfaidh an CEIS air ag obair sna hearnálacha agus sna réigiúin inar mó an gá agus muid ag tabhairt aghaidh ar ár gcéad sprioc eile — luach €500 billiún d'infheistíocht a spreagadh faoin mbliain 2020.

An dara croí den Phlean Infheistíochta, Seirbhísí Comhairleacha, d'imir sé tionchar ní ba mhó agus ní ba thábhachtaí fós in 2018 maidir le fás agus nuálaíocht na hEorpa a spreagadh don am atá le teacht. D'oibrigh an Rannóg Chomhairleach ar 528 sannachán nua in 2018, a bhain le tionscadail a measadh a thacódh le luach €45 billiún d'infheistíocht. Ar ndóigh, tá an saineolas a chuireann an Rannóg Chomhairleach ar fáil ag tús an phróisis ina ghné an-tábhachtach d'obair an Bhainc sa réimse seo, agus é ina chabhair iontach le tionscadail nuálacha a chur i bhfeidhm.

Leis an méid sin a bhaint amach, tá Grúpa an BEI tar éis athrú. Cé gur tábhachtaí toradh deireanach an CEIS do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh i ndáiríre, táim bródúil gur éirigh chomh maith sin lenár gcuid baincéirí, dlíodóirí, eacnamaithe, bainisteoirí riosca agus innealtóirí a gcuid oibre a chur in oiriúint don dúshlán nua seo. Thosaigh an Banc ag díriú ar na comhlachtaí agus ar na gnólachtaí nuathionscanta beaga, nuálacha a dteastaíonn maoiniú go géar uathu. D'fhéadfadh a leithéid de thionscadail neart post a chur ar fáil amach anseo agus bonn láidir a chur faoi iomaíochas na hEorpa ar bhonn domhanda. Bhí

> **Is iomaí infheistíocht nua a rinne an Banc Eorpach Infheistíochta i mbliana a bheidh ina foinse post agus fáis inbhuanaithe as seo go ceann i bhfad. Is é fírinne an scéal go bhfuil an eagraíocht níos láidre anois ná riamh.**

breisíocht na dtionscadal sin ní ba thábhachtaí dúinn ná a méid. Sin an fáth a bhfuil gach ceann de rannóga na tuarascála seo dírithe ar na daoine ar leith a bhain tairbhe as na tionscadail.

Tháinig méadú ar líon na gcliant nua agus laghdú 14% ar mhéid na meán-iasachta mar thoradh air sin, rud ba chúis le héileamh ní ba mhó ar fhoireann an BEI ó thaobh dícheall cuí, anailís dhlíthiúil agus tuairisciú de. Leanfaimid orainn ag cur ár samhail ghnó in oiriúint do riachtanais gheilleagar an Aontais Eorpaigh, ar riachtanais iad a bhíonn ag forbairt de shíor. Táimid ag súil go mbeidh leath de na sínithe uile in 2019 ina gcliaint nua, agus gur sa deighleog ardriosca a bheidh suas le 80% de na táirgí agus de na tionscnaimh nua.

Bíonn Grúpa an BEI ag iarraidh a chuid próiseas agus a shaothar a dhaingniú i gcónaí d'fhonn a chinntiú gur féidir leis teacht slán trí aon suaitheadh eacnamaíoch agus polaitiúil a d'fhéadfadh a bheith ann. Léiríonn an Grúpa comhar iltaobhach fíor-éifeachtach ar go leor saincheisteanna, an t-athrú aeráide agus imirce ina measc. Tugann comóradh 60 bliain bhunú an Bhainc deis dúinn súil siar a chaitheamh ar an méid atá déanta againn ar mhaithe le saoránaigh an Aontais Eorpaigh le himeacht na mblianta. Dearbhaímid in athuair cé chomh tiomanta agus atáimid d'infheistiú san Eoraip agus do shaol atá idir rathúil agus inbhuanaithe a chothú do na saoránaigh uile sin.

Werner Hoyer

BUAICPHOINTÍ 2018[1]

TORTHAÍ GHRÚPA AN BEI

MAOINIÚ ÓN mBANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA	€55.63 billiún sínithe
MAOINIÚ ÓN gCISTE EORPACH INFHEISTÍOCHTA	€10.06 billiún sínithe
MAOINIÚ Ó GHRÚPA AN BEI[2]	€64.19 billiún
LÍON NA nOIBRÍOCHTAÍ A SÍNÍODH	854
IOMLÁN NA hINFHEISTÍOCHTA ATÁ TACAITHE (TÁSCACH)	thart ar €230 billiún
IOMLÁN A GHLAC AN BEI AR IASACHT	€60 billiún

RÉIMSÍ TOSAÍOCHTA

GBManna AGUS CUIDEACHTAÍ MEÁNCHAIPITLITHE	€23.27 billiún
NUÁLAÍOCHT	€13.52 billiún
INFREASTRUCHTÚR	€12.25 billiún
AN COMHSHAOL	€15.15 billiún
AERÁID (AN BEI)	*> 29% d'iomlán an mhaoinithe*
COMHTHÁTHÚ AGUS CÓINEASÚ EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA (AN BEI, AN EORAIP)	*31.8% d'iomlán an mhaoinithe*

AN PLEAN INFHEISTÍOCHTA DON EORAIP[3]

MAOINIÚ A CEADAÍODH ÓN CEIS	€70.4 billiún
LÍON NA nOIBRÍOCHTAÍ A CEADAÍODH	1 031
IOMLÁN NA nINFHEISTÍOCHTAÍ A BHAIN LEIS AN CEIS	€375.5 billiún
% DEN SPRIOC €500 BILLIÚN	75%
IOMLÁN NA nINFHEISTÍOCHTAÍ A SÍNÍODH FAOIN CEIS (AN BEI)	€39.1 billiún
IOMLÁN NA nINFHEISTÍOCHTAÍ A SÍNÍODH FAOIN CEIS (AN CEI)	€14.6 billiún
IOMLÁN AN MHAOINITHE Ó GHRÚPA AN BEI A SÍNÍODH FAOIN CEIS	€53.7 billiún

1 Figiúirí neamhiniúchta, sealadacha atá sna figiúirí uile. Baineann na figiúirí go léir le Grúpa an BEI ach amháin má shonraítear a mhalairt.
2 Níl san áireamh san fhigiúr maidir leis an maoiniú iomlán ó Ghrúpa an BEI forluí beag a bhaineann le comhshocruithe an BEI agus an CEI.
3 Baineann na figiúirí leis an tréimhse ó thús an Phlean Infheistíochta don Eoraip go dtí mí na Nollag 2018.

TIONCHAR GHRÚPA AN BEI[4]

IOMLÁN NA nINFHEISTÍOCHTAÍ AR TACAÍODH LEO IN 2017	€232 billiún
LÍON NA bPOST A CHRUTHÓFAR FAOI 2021	1.2 milliún
TIONCHAR AR OTI AN AE FAOI 2021	+ 1.1%
LÍON NA bPOST A CHRUTHÓFAR FAOI 2036	650 000
TIONCHAR AR OTI AN AE FAOI 2036	+ 0.7%

MIONSONRAÍ[5]

LÍON NA GBManna/NA gCUIDEACHTAÍ MEÁNCHAIPITLITHE	374 000
LÍON NA bPOST A COINNÍODH IN GBManna/CUIDEACHTAÍ MEÁNCHAIPITLITHE[6]	5 mhilliún
ACMHAINN GINIÚNA LEICTREACHAIS	15 228 MW, 86.1% ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh
LÍNTE CUMHACHTA A TÓGADH/A UASGHRÁDAÍODH	26 037 km
TEAGHLAIGH A BHFUIL FÁIL ACU AR CHUMHACHT	34.3 mhilliún
NAISC DHIGITEACHA RÍ-ARDLUAIS, NUA AGUS UASGHRÁDUITHE	29 mhilliún
DAOINE A BHFUIL FÁIL ACU AR UISCE ÓIL NÍOS SÁBHÁILTE	20 mhilliún
DAOINE A BHFUIL FÁIL ACU AR SHLÁINTÍOCHT NÍOS FEARR	10 mhilliún
DAOINE ATÁ I mBAOL LAGHDAITHE TUILTE	1.7 mhilliún
PAISINÉIRÍ BREISE AR MHODHANNA IOMPAIR ARNA MAOINIÚ AG AN BEI	290 mhilliún
DAOINE A BHFUIL ROCHTAIN ACU AR SHEIRBHÍSÍ FEABHSAITHE CÚRAIM SLÁINTE	27.3 mhilliún
ACMHAINN NUA PRÓISEÁLA DRAMHAÍOLA (TONNA/BLIAIN)	3.9 mhilliún
TALAMH TALMHAÍOCHTA NÓ FORAOISEACHTA AR FEABHSAÍODH A BHAINISTIÚ	1.45 milliún heicteár

4 Bunaithe ar an tsamhail gheilleagrach a d'fhorbair Rannóg Eacnamaíochta an BEI agus Ionad Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhar le chéile, sonraí i gcomhair oibríochtaí an AE.
5 Is éard atá san figiúirí ná na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó oibríochtaí maoinithe nua a síníodh den chéad uair in 2018 bunaithe ar na sonraí atá ar fáil i láthair na huaire, don BEI ach amháin má shonraítear a mhalairt.
6 Is éard atá i gceist le líon na bpost a coinníodh in GBManna ná líon na bhfostaithe in GBManna/cuideachtaí meánchaipitlithe ar cuireadh maoiniú ón BEI ar fáil i dtaca leo in 2018 agus líon na bhfostaithe in GBManna ar cuireadh maoiniú ón CEI ar fáil i dtaca leo ó Dheireadh Fómhair 2017 go Meán Fómhair 2018.

GRÚPA AN BEI I DO THÍR

AE ILNÁISIÚNTA
€726 milliún | 0.35% den OTI

MÉADÚ AGUS CSTE*	€1.9 billiún
COMHARSANA THOIR	€0.6 billiún
AN MHEÁNMHUIR	€2.2 billiún
ACCANNA**, TCTL*** AGUS AN AFRAIC THEAS	€1.7 billiún
AN ÁISE, AN ÁISE LÁIR AGUS MEIRICEÁ LAIDINEACH	€1.7 billiún

* Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
** Grúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin.
*** Tíortha agus Críocha thar Lear

Dá dhorcha an dath is ea is mó an infheistíocht mar chéatadán den OTI

AN FHIONLAINN
€1,930 milliún 0.83% den OTI
AN tSUALAINN
€1,592 milliún 0.34% den OTI
AN EASTÓIN
€77 milliún 0.30% den OTI
AN DANMHAIRG
€561 milliún 0.19% den OTI
AN LAITVIA
€0.02 xxx 0.06% den OTI
AN LIOTUÁIN
€373 milliún 0.83% den OTI
AN PHOLAINN
€4,793 milliún 0.97% den OTI
AN GHEARMÁIN
€5,634 milliún 0.17% den OTI
POBLACHT NA SEICE
€708 milliún 0.34%den OTI
LLUCSAMBURG
€0.09 xxx 0.15% den OTI
AN tSLÓVAIC
€631 milliún 0.70% den OTI
AN OSTAIR
€1,246 milliún 0.32% den OTI
AN UNGÁIR
€891 milliún 0.69% den OTI
AN tSLOIVÉIN
€63 milliún 0.14% den OTI
AN CHRÓIT
€507 milliún 0.98% den OTI
AN RÓMÁIN
€1,311 milliún 0.64% den OTI
AN IODÁIL
€8,462 milliún 0.48% den OTI
AN BHULGÁIR
€217 milliún 0.40% den OTI
AN GHRÉIG
€1,869 milliún 1.01%den OTI
MÁLTA
€0 milliún 0% den OTI
€210 milliún 1.01% den OTI
AN CHIPIR

POIST AGUS FÁS

BANNAÍ A THUGANN LE CHÉILE MUID

Cén bhaint atá ag Harry, múinteoir meánscoile in Santa Monica, California, le Elizabeta, innealtóir sóisearach cadhnra sa Chróit? Banna an freagra ar an gceist sin. Is é sin le rá, ionstraim ioncaim sheasta airgeadais arna heisiúint ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Téimis ar thóir an airgid ón gCósta Órga go dtí Cósta an Aidriadaigh, agus ar ais arís (le hús).

1

Is múinteoir é Harry Keiley in Santa Monica, California. Gach mí, cuireann sé thart ar 10% dá chuid tuarastail isteach ina chiste pinsin.

2

Ceannaíonn ciste pinsin Harry ionstraimí airgeadais ar fud na cruinne. Ina measc tá bannaí arna n-eisiúint ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Cén fáth a ndéanann CalSTRS infheistíocht sna bannaí sin, agus cén fáth a gceannaíonn an ciste bannaí glasa de chuid an BEI, leis?

3

Seachas cistí pinsin ar nós CalSTRS, cé a cheannaíonn bannaí de chuid an BEI agus céard is bun leis na ceannacháin sin?

4

Ceann d'ionstraimí an BEI atá anois i lár an aonaigh mar gheall ar an bPlean Infheistíochta don Eoraip is ea an fiachas fiontair, is iasacht a chuireann ar chumas fiontraithe roinnt de na rioscaí a bhaineann le forbairt a ngnó a chomhroinnt. Cén fáth a dtugtar cuasachothromas air?

5

Cuireann an BEI an t-airgead ó bhannaí eisiúna le chéile le hionstraimí eile chun táirgí airgeadais nua a chruthú. I measc na n-ionstraimí sin tá urrús ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh a thacaíonn leis an gCiste Eorpach um Infheistíochtaí Straitéiseacha. Is cuid den Phlean Infheistíochta don Eoraip é agus ligeann sé don BEI infheistíocht a dhéanamh i ngnóthais níos lú, níos óige a bhfuil níos mó riosca ag baint leo. Cén chaoi a bhfuil ag éirí leis?

6

Díríonn an Banc ar cheithre phríomhréimse infheistíochta. Tá an nuálaíocht ar cheann de na réimsí sin. Nuair a dhéanaimid infheistíocht sa nuálaíocht, céard dó go baileach a gcuirimid airgead ar fáil?

7

Tá nuálaíocht in earnáil na gcarranna dírithe ar dhá réimse faoi láthair: leictriú agus tiomáint uathrialaitheach. Na carranna spóirt leictreacha is tapúla dá bhfuil ann, ar féidir leo 410 km/u a bhaint amach, cén chaoi a gcabhraíonn siadsan linn modhanna iompair atá níos freagraí ó thaobh an chomhshaoil de a úsáid?

8

Cuideachta de chuid na Cróite is ea Rimac, ar chuir an BEI airgead ar fáil dó in 2018. Déanann sé na carranna spóirt leictreacha is tapúla ar domhan agus tá an-dul chun cinn á dhéanamh aige i dteicneolaíocht na gcadhnraí.

9

Faigh amach cén chaoi a bhfuair Elizabeta Žalac a post mar innealtóir sóisearach cadhnra le Rimac agus cén chaoi a bhfuil sí ag iarraidh an saol a athrú chun feabhais anois.

1 MÚINTEOIR A BHFUIL CUMHACHT DHOMHANDA AIGE

Nuair a thosaigh Harry Keiley ag teagasc beagnach 30 bliain ó shin, bhíodh sé ag tabhairt ranganna do dhaltaí meánscoile san eacnamaíocht agus i gcúrsaí rialtais. Mar sin féin, ní raibh oiread is focal amháin ar an gcuraclam faoi cén chaoi infheistíochtaí a dhéanamh ná do chúrsaí airgeadais féin a bhainistiú. Deir sé anois "Is cinnte an rud é go gceapaimid uile go bhfuil géarghá leis ó cheann ceann an Oileáin Úir."

Tá Harry ar dhuine de na mílte oideoirí in California a bhfuil a gcoigilteas scoir á bhainistiú ag Córas Stáit Scoir Múinteoirí California (CalSTRS). I gcás an ghnáthphlean sochair, a gcláraítear gach oideoir in California lena aghaidh go huathoibríoch, déantar infheistíochtaí ar mhaithe leis na múinteoirí uile i dteannta a chéile. Glacann Harry síntiús le plean forlíontach roghnach ar an gciste, leis.

Nuair a cheannaíonn ciste pinsin sna Stáit Aontaithe banna de chuid an BEI, is scéal beagnach cinnte é go mbeidh brabús ar an infheistíocht – infheistíocht san Eoraip nach ndéanfaí murach an BEI.

"Is ionann an múinteoir agus an gnáth-Mheiriceánach den chuid is mó – duine díograiseach den mheánaicme. Ach tá roinnt saintréithe ann nach mbaineann ach le múinteoirí: is gairmithe iad ar fad, tá céim ollscoile acu, agus tá iarchéim ag cuid mhaith acu freisin," arsa Keiley.

"Nuair a bhreathnaítear ar chuntais scoir fhorlíontacha áfach, is iomaí rogha atá á díol le múinteoirí agus ní minic a bhíonn leas an chiste agus leas na múinteoirí ar aon dul le chéile. Déanann múinteoirí cinntí in amanna nach bhfuil chun a leasa."

Sin an fáth a bhfuil CalSTRS níos fearr, dar le Keiley: ní ghearrann an plean pinsin ach táillí ísle ar na múinteoirí, rud a fhágann gur féidir leo níos mó de bhrabús a gcuid infheistíochtaí a choinneáil. Ina theannta sin, níl na roghanna éagsúla róchasta do mhúinteoirí nach bhfuil cur amach acu ar chúrsaí airgeadais – mar shampla, cibé acu a dhéanfar ranníocaíochtaí pinsin forlíontacha a infheistiú i mbannaí den chuid is mó nó in infheistíochtaí cothromais phríobháidigh i margaí atá ag teacht chun cinn. "Mar gheall go bhfuil roinnt blianta oibre fágtha ionam go fóill agus go mbeidh sláinte an bhradáin agam go ceann i bhfad, le cúnamh Dé, tá cur chuige níos iomaíche glactha agam i leith mo phlean fhorlíontaigh. Dá mbeinn ní ba shine, d'fhéadfainn straitéis infheistíochta ní ba choimeádaí a chur i bhfeidhm. Ach is liomsa an rogha sin."

Déanann Keiley meantóireacht ar lúthchleasaithe is daltaí i Meánscoil Santa Monica. Ciallaíonn sé sin go n-oibríonn sé as lámha a chéile, duine ar dhuine, le daltaí a imríonn peil Mheiriceánach, cispheil, sacar agus daorchluiche sa scoil, in ionad a bheith ag teagasc gnáthranganna. "Tugaim cúnamh dóibh sraith scileanna a fhorbairt a chabhróidh leo rath a bheith orthu sa seomra ranga, ar an bpáirc imeartha, agus sa saol i ndiaidh na scoile." Tá bainistiú a gcuid airgid féin ar cheann de na scileanna sin – rud a bhfuil ardtuiscint ag Keiley anois air tar éis dó a bheith páirteach in CalSTRS.

Harry Keiley
Múinteoir, Meánscoil Santa Monica, California

2 AIRGEAD A THACAÍONN LEIS AN gCOMHSHAOL

Nuair a thagann Bord Scoir Múinteoirí California le chéile uair sa mhí de ghnáth, cuireann sé fáilte roimh mhúinteoirí a bheith i láthair nó breathnú ar an gcruinniú ar líne. Tapaíonn cuid mhaith múinteoirí an deis chun a dtuairimí a nochtadh. "Déarfaidh mé an méid seo maidir le múinteoirí: is páirtithe leasmhara an-diongbháilte, an-chúramach iad," arsa Michael Sicilia, straitéisí gnóthaí poiblí CalSTRS, an dara ciste pinsin is mó sna Stáit Aontaithe, atá á bhainistiú ag Bord Scoir Múinteoirí California.

Freastalaíonn CalSTRS ar bhreis is 910 000 oideoir, ó mhúinteoirí naíscoile go hollúna coláiste, agus bhí $223.8 billiún faoi bhainistiú aige amhail ag deireadh mhí an Mheithimh 2018. Íocann gach múinteoir in California thart ar 10% dá chuid ioncaim isteach sa chiste le soláthar a dhéanamh dá thréimhse scoir. Tugann na fostóirí thart ar 18-19% dá gcostais phárolla agus déanann an stát ranníocaíochtaí chomh maith.

Ní hé Harry Keiley an t-aon duine de na hoideoirí a bhfuil a gcoigilteas scoir infheistithe in CalSTRS. Tá sé ar Bhord Scoir na Múinteoirí freisin, a dhéanann maoirseacht ar CalSTRS thar ceann na múinteoirí. "Is as an straitéis leithdháilte sócmhainní atá an coiste freagrach, a chabhraíonn linn a mheas cén céatadán den phunann a bhíonn le hinfheistiú i ngach aicme shócmhainne, bíodh sé i réadmhaoin nó i mbannaí, taobh istigh de na Stáit Aontaithe nó taobh amuigh díobh," ar sé. "Ach déanann baill foirne de chuid CalSTRS cinntí ar leith maidir le hinfheistíochtaí."

> **"Toisc gurb é banc na hEorpa é agus gurb eol dúinn a ndéanann sé: infheistiú ar son na hinbhuanaitheachta, na bpost... is rudaí iad sin ar féidir linn tacú leo."**

Cabhraíonn Cathy DiSalvo, bainisteoir comhlach punann le CalSTRS, na cinntí infheistíochta sin a dhéanamh. Faoina shúil aireach, tá CalSTRS tar éis infheistíocht a dhéanamh i mbannaí de chuid an BEI. "Maidir leis an BEI agus eagraíochtaí fornáisiúnta eile, is iondúil go mbreathnaímid orthu mar shealúchais mhaithe ó thaobh riosca de. Bíonn rátálacha an-mhaith ag baint leo, rud a fhágann gur infheistíochtaí seasmhacha, sábháilte iad," ar sí. "Tá an BEI níos fearr fós toisc gurb é banc na hEorpa é agus gurb eol dúinn a ndéanann sé: infheistiú ar son na hinbhuanaitheachta, na bpost – is maith a thuigimid na rudaí a dhéanann an BEI, agus is rudaí iad sin ar féidir linn tacú leo."

Tá idir bhreoslaí iontaise agus an comhshaol i mbéal na múinteoirí, dar le DiSalvo. Sin an fáth a bhfuil Bannaí Feasachta Aeráide an BEI chomh háisiúil sin – ní úsáidtear na fáltais ach amháin i gcomhair gníomhú ar son na haeráide. Cheannaigh CalSTRS cuid de na bannaí sin in 2018, a dtugtar 'bannaí glasa' orthu ar an margadh. "I gcás na mbannaí glasa, féachaimid chuige go ndéantar athbhreithniú ar na tionscadail a bhfuil an t-airgead le cur ar fáil dóibh," arsa DiSalvo. "Agus tugaimid tuairisc dár mbord ar na heisitheoirí éagsúla agus ar a bhfuil i gceist leis na tionscadail sin."

Ar an mbord, tá Keiley cinnte dearfa de go bhfuil CalSTRS ar thús cadhnaíochta maidir leis an infheistiú comhshaoil. "Ní hamháin go dtuigimid an riosca comhshaoil a bhaineann le cineálacha éagsúla infheistíochta ach tuigimid chomh maith na deiseanna a chruthófar mar thoradh ar infheistiú sa chomhshaol," ar sé.

Tá Bannaí Glasa an BEI ag cruthú go bhfuil an ceart ar fad acu.

Cathy DiSalvo
Bainisteoir comhlach punann le CalSTRS

3 BANC AN AE A MHAOINIÚ

Is í Eila Kreivi stiúrthóir na rannóige margaí caipitil sa Bhanc Eorpach Infheistíochta agus is maith is eol di gurb é tús na bliana úire agus thart ar Mheán Fómhair nó Deireadh Fómhair na hamanna is fearr le hairgead a thiomsú ar na margaí. "Cuireann infheisteoirí a gcuid leabhar i gcrích i dtreo dheireadh na bliana agus ansin ní dhéanann siad a dhath ar feadh a cheathair nó a sé de sheachtainí seachas a bheith ag breathnú ar an airgead ag carnadh. Ansin, nuair a thosaíonn an bhliain nua, bíonn neart airgid ar fáil acu agus cíocras orthu le brabús a dhéanamh. Mar sin, tosaíonn siad ag ceannach," ar sí. "Caithfear airgead a chur ag obair."

Tarlaíonn an rud céanna leath bealaigh tríd an mbliain, tráth a ndúnann na hinfheisteoirí a gcuntais le dul ar saoire. Tosaíonn an t-airgead ag carnadh arís eile agus ní thosaíonn siad dá infheistiú arís go dtí Meán Fómhair.

Téann an BEI i ndáil chomhairle le bainc chomhpháirtíochta le tairiscintí móra bannaí a phleanáil, agus aird ar leith á tabhairt acu ar tháscairí éilimh margaidh le haibíocht, airgeadra agus gnéithe eile gach eisiúna a chinneadh. Céard air a mbeidh an díol is fearr? Banna deich mbliana i nDollar na Stát Aontaithe, nó banna cúig bliana in euro? Is é an Bord Stiúrthóirí a shocraíonn clár foriomlán maoinithe an Bhainc ag tús gach bliana, áit a leagtar síos an t-uasmhéid airgid a bhíonn le tiomsú agus na prionsabail a bheidh mar threoir ag na hinfheistíochtaí.

> **"Caithfear airgead a chur ag obair."**

Cistí banc san earnáil phríobháideach, bainc cheannais neamh-AE agus cistí infheistíochta agus pinsin (amhail CalSTRS) na heagraíochtaí is mó a cheannaíonn bannaí an BEI. "Éilítear ar bhainc maoláin leachtachta a choinneáil i bpáipéar leachtach ar ardchaighdeán. Sin an fáth a mbíonn an-tóir ar bhannaí an BEI," a mhínigh Kreivi. "Agus beidh na bannaí ag teastáil san airgeadra céanna le clár comhardaithe an bhainc. Más i gCoróin na Sualainne atá an clár comhardaithe, beidh orthu bannaí i gCoróin na Sualainne a cheannach."

Deir Kreivi go bhfuil bannaí de chuid an BEI á gceannach ag beagnach gach duine ar féidir leis iad a cheannach, seachas tíortha na Meánmhara, áit a bhfuil toradh níos airde le fáil ar bhannaí rialtais. Má thagann a dhóthain feabhais ar an ngeilleagar san Iodáil, sa Ghréig, sa Phortaingéil agus sa Spáinn leis an toradh ar bhannaí rialtais a laghdú, b'fhéidir go dtiocfadh méadú ar an éileamh ar bhannaí an BEI sna tíortha sin freisin.

I láthair na huaire, tá an BEI ag iarraidh airgead a mhealladh isteach ón taobh amuigh den Eoraip. Tá cúlchistí airgeadra banc ceannais neamh-Eorpach ar cheann de na foinsí. Cé nach gceadaítear do bhainc

Eila Kreivi
Ceann rannóg margaí caipitil an BEI

cheannais san Aontas Eorpach bannaí de chuid an BEI a cheannach ar an gcéad mhargadh de réir rialacha Chonradh Maastricht, ceadaítear do bhainc cheannais eile iad a cheannach. Ina leithéid de chásanna, deir Kreivi gurb é Dollar na Stát Aontaithe an t-airgeadra is mó tóir.

Foinse eile maoinithe nua is ea infheisteoirí san earnáil phríobháideach. "Is mian linn oiread infheisteoirí agus is féidir a mhealladh isteach. Níl aon duine a bhfuil neart airgid le fáil ar iasacht aige ag iarraidh a bheith ina sheasamh ar leathchois," arsa Kreivi. "Sin an fáth ar gá dúinn muid féin a mhíniú don saol mór ar bhealach níos fearr. Cén fáth nár mhaith linn airgead neamh-AE a thabhairt chun na hEorpa?"

Maoiniú foriomlán in 2018

€60bn



SCIAR DE RÉIR AIRGEADRA

EUR	USD	GBP	Eile
43%	34%	8%	15%

4 AN ÉAN É? AN EITLEÁN É? IS FIACHAS FIONTAIR É!

I ndiaidh na géarchéime geilleagraí san Eoraip, ní raibh ag éirí le gnóthais nuálacha bheaga agus mheánmhéide teacht ar an gcaipiteal a bhí ag teastáil uathu lena ngnó a fhorbairt agus a fhás. Bhí an Eoraip i gcruachás agus bhí ar an BEI teacht ar ghaiscíoch le hí a thabhairt slán. Rinne an táirge airgeadais úrnua rudaí nach ndearna ionstraimí eile riamh agus thug gnóthais nuálacha ar fud na hEorpa slán ón nganntanas maoinithe. Táirge de chuid an BEI is ea an fiachas fiontair, a bhfuil gnéithe iasachta agus gnéithe infheistíochta cothromais araon ag baint leis. An rud is sainiúla faoi: aisíoctar infheistíocht an BEI de réir fheidhmíocht na cuideachta, gan scair úinéireachta na mbunaitheoirí a chaolú.

"Ó thaobh eacnamaíochta de, tá sé ar nós cothromais," ar Hristo Stoykov, ceannasaí rannóg caipitil fáis agus maoinithe nuálaíochta an BEI. "Téimidne san fhiontar ar an gcaoi chéanna le húinéirí an chothromais."

Tugtar cuasachothromas ar an bhfiachas fiontair chomh maith. "Má théann an chuideachta go tóin poill, caillfimid an t-airgead ar an gcaoi chéanna, a bheag nó a mhór, leis na sealbhóirí cothromais. Má éiríonn go hiontach léi, beidh cuid den rath sin ag teacht chugainn freisin," a deir Stoykov.

"Ní hionann aon dá mhargadh anseo. Déantar gach uile mhargadh as an nua."

Is éard atá sa táirge go bunúsach ná iasacht a thugtar do chuideachta a dtugann a clár comhardaithe le fios, tráth déanta an iarratais, nach mbeadh in ann dá leithéid d'fhiachas. D'éirigh leis an BEI an ionstraim a thabhairt isteach ina hiomláine faoin gCiste Eorpach um Infheistíochtaí Straitéiseacha d'fhonn tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí nuálacha a raibh borradh ag teacht fúthu. "Ní raibh an Banc ag plé lena leithéid de chuideachtaí roimhe seo, rud a fhágann gurb ionann gach margadh a dhéanaimid faoin ionstraim seo agus cliant nua don Bhanc," a deir Stoykov. Le go mbeadh an t-airgead ag na cuideachtaí chomh sciobtha agus ab fhéidir, thug Bord Stiúrthóirí an BEI údarás don Choiste Bainistíochta na margaí fiontair a cheadú ar chuntar go raibh siad i gcomhréir leis na critéir cháilitheachta maidir le hinfheistiú sa nuálaíocht.

"Bhí orainn glacadh le cur chuige ní ba shofhreagrúla i leith na margaí seo," arsa Stoykov. "Ní hionann aon dá mhargadh anseo. Déantar gach uile mhargadh as an nua."

Hristo Stoykov
Ceannasaí rannóg caipitil fáis agus maoinithe nuálaíochta an BEI

5 SPRIOC BAINTE AMACH

Bíonn riosca ag baint le rudaí nua in amanna. Mura ndearna duine eile cheana féin é, cá bhfios céard a tharlóidh? Sin an fáth a bhfuil an Ciste Eorpach um Infheistíochtaí Straitéiseacha ar an bhfód.

Faoin bPlean Infheistíochta don Eoraip, nó Plean Juncker mar is fearr aithne air, chuir Grúpa an BEI agus an Coimisiún Eorpach €21 billiún san iomlán i leataobh do chlár urrúis darb ainm an Ciste Eorpach um Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS). Cuireann an CEIS ar chumas an Bhainc infheistiú i dtionscadail níos nuálaí a bhfuil níos mó riosca ag baint leo – tionscadail a bhfuil sócmhainní doláimhsithe acu agus nach bhfuil dea-theist orthu go fóill, mar shampla.

In 2018 bhain Grúpa an BEI a chéad chuspóir uaillmhianach amach faoin CEIS agus, mar a tharla, bhain an barr den sprioc thosaigh a bhí acu le hinfheistíocht €315 billiún a spreagadh thar thréimhse trí bliana. Nuair a tháinig an tréimhse sin chun deiridh i mí Iúil, bhí an figiúr iarbhír ní ba mhó ná €334 billiún. Meastar go méadófar OTI an AE 1.3% faoin mbliain 2020 agus go gcruthófar 1.4 milliún post mar thoradh air. Lena chois sin, beidh tionchar struchtúrach ag na hinfheistíochtaí ar tháirgiúlacht agus iomaíochas as seo go ceann i bhfad. Faoin mbliain 2036, beidh 0.9% sa bhreis curtha le OTI an AE agus thart ar 800 000 post cruthaithe mar gheall orthu, sin de réir eacnamaithe de chuid an BEI atá ag obair i gcomhar le hIonad Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh.

Níorbh aon údar iontais é mar sin gur bheartaigh an lucht déanta reachtaíochta an t-urrús a mhéadú agus an CEIS a shíneadh go dtí 2020, mar aon le sprioc nua €500 billiún a shocr.

AN TORADH CUILITHEACH

Debora Revoltella
Stiúrthóir, an rannóg eacnamaíochta

Ach cén tionchar a bhíonn ag an mBanc ar an iomlán?

"Má chuireann tú líonra leathanbhanda nua ar bun le naisc Idirlín níos tapúla a chur ar fáil, ní hamháin go bhfostaítear daoine chun an bóthar a thochailt amach agus na cáblaí a chur síos sa talamh, ach imrítear tionchar freisin ar fhostú daoine a tháirgeann an cábla snáthoptaice agus daoine eile a tháirgeann na hearraí a gcaitheann na daoine sin a gcuid ioncaim orthu," a mhíníonn Debora Revoltella, príomheacnamaí an BEI. "San fhadtréimhse, ní hamháin go gcruthaítear fostaíocht do na tógálaithe agus do na hoibrithe a tháirgeann na hionchuir, ach is féidir an nasc tapa Idirlín seirbhísí nua a spreagadh agus seirbhísí eile atá ann cheana a athrú ó bhonn. Cuireann sé go mór le hiomaíochas agus le gníomhaíocht gheilleagrach ar an iomlán."

Bíonn tionchar forleathan, fadtréimhseach ag an ngníomhaíocht gheilleagrach sin, rud nach éasca a mheas nuair a bhreathnaíonn tú ar an tionscadal féin, ach a chothaíonn fás geilleagrach agus poist mar sin féin. D'fhonn an tionchar sin a thomhas, chuaigh eacnamaithe de chuid an BEI i gcomhar le hIonad Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh le samhail a fhorbairt. Cuirtear mionsonraí maidir le gach uile thionscadal de chuid Ghrúpa an BEI isteach sa tsamhail sin, amhail méid na hinfheistíochta, fad ama an tionscadail agus na hiasachta, agus saintréithe na hearnála atá i gceist. Léiríonn na figiúirí is déanaí maidir leis na hinfheistíochtaí a síníodh in 2017 go bhfágfaidh siad a lorg ar gheilleagar na hEorpa go ceann i bhfad ós rud é go bhfuiltear ag súil leis go gcruthófar 650 000 post agus go méadófar OTI an Aontais Eorpaigh 0.7% faoin mbliain 2036 mar thoradh orthu. Is mó arís an toradh cuilitheach sa ghearrthréimhse. Faoin mbliain 2021, táthar ag súil leis go mbeidh na hinfheistíochtaí ar thacaigh Grúpa an BEI leo in 2017 tar éis OTI an Aontais Eorpaigh a mhéadú 1.1% agus beagnach 1.2 milliún post a chruthú.

6 CÁ hÁIT AR FÉIDIR LEAT NUÁLAÍOCHT A CHEANNACH?

An t-airgead a thiomsaíonn an BEI ar na margaí airgeadais, déanann sé é a infheistiú i dtrí phríomhréimse: infreastruchtúr, an comhshaol, gnóthais bheaga agus mheánmhéide agus nuálaíocht. Ach céard is nuálaíocht ann go baileach? Agus cén chaoi ar féidir í a spreagadh trí mhaoiniú?

"Má sheasann tú siar uaithi, is éard is nuálaíocht ann ná smaointe taighde a aistriú ina dteicneolaíocht, ina dtáirge nó ina bpróiseas is féidir a chosaint, mar shampla, trí chur isteach ar phaitinn," arsa Felicitas Riedl, ceannasaí rannóg eolaíochtaí beatha an BEI. "Is é an rud is tábhachtaí ina dhiaidh sin ná go mbainfear leas as an maoin intleachtúil nua. Ní leor rud éigin nua a léiriú, caithfidh sé úsáid a bheith leis."

Ní hionann an úsáid sin i gcásanna éagsúla. B'fhéidir go bhfaigheadh naíonáin ar bhainne foirmle na buntáistí sláinte a bhaineann le breiseáin nádúrtha arna dtáirgeadh ag Jennewein, cuideachta ar chuir an BEI airgead ar fáil di anuraidh. Nó b'fhéidir go bhfanfadh feithiclí leictreacha luchtaithe ní b'fhaide a bhuíochas le pacaí cadhnraí arna bhforbairt ag Rimac, eagraíocht eile a fuair airgead ar iasacht uainn. Tríd is tríd, is éard is aidhm leis an rud ar fad ná an geilleagar a fhás, folláine daoine a chur chun cinn agus poist

OBAIR AR SON NA hAERÁIDE AGUS COMHTHÁTHÚ

Anuas ar a cheithre "réimse beartais" (infreastruchtúr, an comhshaol, gnóthais bheaga agus mheánmhéide agus nuálaíocht), tá dhá thosaíocht uileghabhálacha ag an BEI a bhaineann le gach réimse beartais: gníomhú ar son na haeráide agus comhtháthú. Baineann **Gníomhú ar son na hAeráide** le hiarrachtaí chun srian a chur le hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus chun cabhrú le sochaithe agus le héiceachórais dul i dtaithí ar an athrú aeráide. Baineann **Comhtháthú** le fís bhunaidh an Aontais Eorpaigh maidir le cabhrú le réigiúin Eorpacha níos boichte an bhearna a dhruidim ó thaobh caighdeáin mhaireachtála de. Uaireanta sásaítear roinnt spriocanna in aon tionscadal amháin. Mar shampla, thug an BEI maoiniú do Rimac na Cróite in 2012 trí iasacht idirmheánach do HBOR, banc forbartha náisiúnta na Cróite, a raibh sé mar aidhm aici tacú le gnóthais bheaga agus mheánmhéide agus le cuideachtaí meánchaipitlithe. Ansin, in 2018, thug an BEI iasacht dhíreach do Rimac le cur ar a chumas cur le taighde agus forbairt, rud a thacaigh le nuálaíocht. Toisc go gcuireann gníomhaíochtaí na cuideachta úsáid feithiclí leictreacha chun cinn, is féidir na hiasachtaí sin a rangú faoi ghníomhú ar son na haeráide, leis. Tá comhtháthú i gceist leo freisin de bharr go gcruthaíonn Rimac poist sa Chróit

a chruthú ar bhonn inbhuanaithe. Agus is maith an rud í an nuálaíocht ó thaobh poist a chruthú do dhaoine ardoilte agus fostaíocht indíreach a chruthú trí éifeachtaí iarmhartacha. "Ní mór dúinn a chinntiú nach dtéann daoine oilte ar imirce ón Eoraip," arsa Riedl.

Sin an fáth a mbíonn an maoiniú dírithe ar an lucht intleachta i bhformhór na gcásanna óir is iadsan na daoine a spreagann an nuálaíocht ar deireadh. "Déanaimid caiteachas caipitiúil a mhaoiniú, ceart go leor, amhail trealamh saotharlainne nó infheistíochtaí le saoráidí táirgthe píolótacha a chur ar bun," a mhíníonn Riedl. "Ach, déanta na fírinne, níl aon rud níos costasaí i gcás tionscadal taighde agus forbartha ná na costais a bhaineann le forbairt na smaointe in inchinn an duine – i.e. costais phárolla."

"Is mian linn gur san Aontas Eorpach a bhainfear leas as smaointe Eorpacha."

Ó thaobh cuntasaíochta de, is "sócmhainní doláimhsithe" iad an inchinn agus an mhaoin intleachtúil, agus bhí sé deacair riamh luach a leithéid de shócmhainní a mheas agus a chosaint. Ní minic a bhíonn bainc sásta glacadh leis na sócmhainní doláimhsithe sin mar chomhthaobhacht le haghaidh iasachta, rud a fhágann go dtéann sé deacair ar chuideachtaí nuálacha teacht ar airgead. Tá an bhearna sin á líonadh ag an BEI san Eoraip.

Tá punann leathan táirgí airgeadais ag Banc an AE, arb aidhm leo cabhrú le cuideachtaí ar chéimeanna éagsúla den phróiseas nuálaíochta, idir iasachtaí le cabhrú le hollscoileanna infreastruchtúr taighde a fhorbairt, mhaoiniú do ghnóthais nuathionscanta, agus airgead le cabhrú le cuideachtaí móra nuálaíocht a mhéadú.

"Is minic a úsáideann rialtais san Eoraip airgead poiblí le híoc as na chéad chéimeanna nuálaíochta, ach téann roinnt mhaith de na smaointe maithe thar sáile ina dhiaidh sin toisc nach dtacaíonn an t-éiceachóras atá ann le cur i bhfeidhm an taighde iontach sin de réir mar a éiríonn na riachtanais mhaoinithe níos doichte," arsa Reidl. "Téann na buntáistí thar lear, áit ar féidir leis na tionscadail teacht ar a thuilleadh airgid."

"Is mian linn gur san Aontas Eorpach a bhainfear leas as smaointe Eorpacha," a deir sí. "Ionas go n-íocfaidh siad an comhar leis an tsochaí anseo."

Felicitas Riedl
Ceannasaí rannóg eolaíochtaí beatha an BEI

7 CÉARD A THÁINIG SA CHÉAD ÁIT, AN SICÍN NÓ AN CADHNRA?

Tá dhá mórathrú ag dul i bhfeidhm ar earnáil na gcarranna faoi láthair, de réir Aris Pofantis, an príomhinnealtóir i rannóg digitithe agus gnóthas beag an BEI. Leictriú agus tiomáint uathrialaitheach is ea iad sin.

I gcás leictriú, tá carranna ag éirí níos simplí. Tá níos lú comhpháirteanna sa charr leictreach ná atá sa charr innill dócháin inmheánaigh agus tá teicneolaíocht na gcomhpháirteanna sin tar éis teacht in aibíocht. Seachas ceann amháin acu: an cadhnra.

"Is é an cadhnra an t-aon fhachtóir teorantach a fhágann nach féidir leis an saol mór athrú chuig feithicil leictreach. Níor forbraíodh an cadhnra riamh i gcomhair a leithéid d'fheidhmeanna ar scála mór tráchtála, agus tá na costais fós an-ard," a mhíníonn Pofantis. Ina theannta sin, tá toilleadh fuinnimh cadhnraí cairr (agus raon an chairr, dá bhrí sin) fós teoranta, rud is cúis le "raonimní" i measc tomhaltóirí, a mbíonn imní orthu go bhfágfaí ar thaobh an bhóthair iad gan fáil a bheith acu ar phointe luchtaithe.

Deir Pofantis gur cás clasaiceach ubh an tsicín agus sicín na huibhe é: gan a thuilleadh carranna leictreacha a bheith ar an mbóthar, ní bheidh mórán spreagadh eacnamaíoch ann chun líonra pointí luchtaithe a chur ar bun. Mura mbeidh fáil ar go leor pointí luchtaithe áfach, beidh drogall ar dhaoine carranna leictreacha a cheannach. Mar sin féin, tá an scéal ag feabhsú. In 2018, shínigh an BEI an chéad chuid d'iasacht €115 milliún do Enel X, ar cuideachta de chuid na hlodáile é atá ag rolladh amach áiseanna luchtaithe cairr ar fud na tíre.

"Thosaíomar ag cur an infreastruchtúir ar bun mar gur cheapamar go gcuirfeadh sé sin borradh faoin margadh. Agus sin go díreach a tharla," arsa Alberto Piglia, ceannasaí na rannóige soghluaisteachta feithiclí leictreonacha in Enel X. "Méadaíodh líon na gcarranna leictreacha a díoladh faoi dhó taobh istigh de chúpla mí."

> **"Is mian liom athrú ó bhonn a spreagadh san Eoraip."**

Taobh amuigh den Eoraip a mhonaraítear formhór mór na gcadhnraí do charranna leictreacha, rud a fhágann an Eoraip spleách ar an tSeapáin, an tSín agus an Chóiré. Sa tSualainn, tá sé beartaithe ag Northvolt é sin a athrú. In 2018, shínigh an BEI iasacht €52.5 milliún do Northvolt i gcomhair gléasra taispeántais a ligfidh do chomhpháirtithe tionscail na cuideachta a cuid cadhnraí ian litiam a thástáil. Fostófar suas le 2 500 duine sa ghigea-mhonarcha.

D'fhill Peter Carlsson, bunaitheoir Northvolt, ar an tSualainn in 2017 tar éis dó a bheith ina chónaí ar feadh breis is cúig bliana in Palo Alto, California, áit a raibh sé i gceannas ar shlabhra soláthair dhomhanda Tesla. "Is mian liom athrú ó bhonn a spreagadh san Eoraip," arsa Carlsson.

Is iontach an áit do Northvolt í an tSualainn de bharr go bhfuil fáil ar na hamhábhair a bhíonn ag teastáil le cadhnraí a tháirgeadh, amhail graifít agus nicil. Tá neart hidrileictreachais ar fáil ar chostas íseal freisin, agus tá an-chuid calafoirt nua-aimseartha ann ónar féidir na cadhnraí a easpórtáil chuig áiteanna ar fud na hEorpa agus níos faide ó bhaile. Tá súil ag an gcuideachta seanchadhnraí a athchúrsáil fiú amháin, agus an gá le mianraí eile, ar nós cóbailt, a laghdú ar an gcaoi sin.

8 AN CARR LEICTREACH – AGUS AN CHATHAOIR ROTHAÍ – IS TAPA AR DOMHAN?

"Nuair a thosaigh mé amach, measadh go raibh carranna leictreacha idir ghránna agus mhall," arsa Mate Rimac. "Bhí mé ag iarraidh a chur ina luí ar dhaoine go bhféadfaidís a bheith spraíúil, spreagúil agus tapa – níos tapa fós ná carranna a bhfuil inneall dócháin iontu – agus rith sé liom: Teastaíonn uaim mo charr féin a thógáil."

Rinne Rimac a charr féin a thógáil, mar aon lena chuideachta déanta carranna féin. Is é Rimac an t-aon déantóir carranna de chuid na Cróite agus tá clú orthu as teicneolaíocht cheannródaíoch a chur i gcadhnraí. Bhí carr Rimac, an Concept One, ar an bhfeithicil leictreach ródacmhainneach ba chumhachtaí dá raibh ann tráth a nochta in 2011, agus é in ann dul ó 0 go 100 ciliméadar san uair taobh istigh de 2.5 soicind.

Thit Rimac faoi dhraíocht na leictreonaice agus na gcarranna nuair a bhí sé óg, rud a thug an spreagadh dó gnóthas nuathionscanta beag a athrú ina eagraíocht mhór atá ar thús cadhnaíochta maidir le ríomhthráchtáil agus teicneolaíocht chadhnra. Nuair a bunaíodh Rimac ar dtús i mbaile beag gar do Zagreb, ní raibh ach seisear daoine ag obair ann. Anois tá breis is 400 fostaí ó 26 tír acu agus é ag fás agus ag forbairt go han-sciobtha fós.

> **"Is féidir an teicneolaíocht chéanna atá sna carranna spóirt seo a chur ag obair i dtraenacha, busanna, nó cathaoireacha rothaí fiú."**

Bhí infheistiú suntasach de dhíth le tacú le forbairt chomh gasta sin. Thacaigh an BEI le Rimac den chéad uair nuair a thug iasacht do HBOR, banc forbartha náisiúnta na Cróite, a thugann airgead de chuid an BEI amach ar iasacht do chuideachtaí beaga agus meánmhéide. Ansin, i mí na Nollag 2018, shínigh an BEI iasacht chuasachothromais €30 milliún le Rimac lena gcuid oibre taighde agus forbartha a mhaoiniú. Cé nach gcuireann an BEI airgead ar fáil chun tacú le múnlaí cairr ar leith a fhorbairt, maoiníonn teicneolaíocht ilchuspóireach ar son iompar glan.

Tá an-obair á déanamh ag Rimac chun tionscal carranna leictreacha na hEorpa a chur chun cinn — i bhfad níos mó ná carranna spóirt iontach costasach amháin. "Foinse ioncaim don chuideachta ba ea an Concept One agus deis dúinn an teicneolaíocht a chur os comhair an tsaoil," arsa Aris Pofantis. "Má chuirtear amach carr leictreach ardfheidhmíochta ar nós an Concept One, tosóidh daoine ag breathnú ar charranna leictreacha ar bhealach nua."

Tá i bhfad níos mó feidhmeanna ag baint le teicneolaíocht Rimac, de réir Aleksandar Mihajlovic, oifigeach infheistíochta de chuid an BEI: "Is féidir an teicneolaíocht chéanna atá sna carranna spóirt seo a chur ag obair i dtraenacha, busanna, nó cathaoireacha rothaí fiú."

9 AN tAIDRIADACH AGUS TIONSCAL NA gCARRANNA A GHLANADH SUAS

Nuair a rugadh Elizabeta Žalac in Đurđevac, baile 6 000 duine i dtuaisceart na Cróite, bhí a dtuismitheoirí fós ag tiomáint Lada a rinneadh san Aontas Sóivéadach. Anois tá sí ag obair ar cheann de na carranna is tapa ar domhan.

Rinne Elizabeta an Dearadh Feistí Leighis ar Ollscoil Zagreb, ach tar éis di a bheith ag obair sa réimse sin ar feadh tamaill, thapaigh sí deis chun a gairmréim a chur chun cinn sa bhaile. "Ar dtús, cheap mé nach mbeinn in ann teacht ar phost sa Chróit, go háirithe toisc nach raibh mórán post ann ar chor ar bith i mo shainréimse," ar sí. "Mar sin, bhí mé ag déanamh machnamh ar an tír a fhágáil, ach theastaigh uaim fanacht sa Chróit, gar do mo mhuintir agus mo chairde."

> **"Bhí fócas glas na cuideachta ar cheann de na rudaí ba thábhachtaí dom."**

Chonaic sí fógra maidir le post in Rimac mar innealtóir doiciméadaithe córas cadhnraí. In ainneoin nach raibh mórán cur amach aici ar charranna, gan trácht ar charranna leictreacha, chuir sí isteach air. "Bhí fócas glas na cuideachta ar cheann de na rudaí ba thábhachtaí dom," arsa Elizabeta.

Tá tábhacht nach beag ag baint leis an gcomhshaol dar le Elizabeta. Mar bhall de chlub tumadóireachta, tá sí páirteach i bhfeachtas chun Cósta an Aidriadaigh agus locha na Cróite a ghlanadh suas.

Thuig earcaitheoirí Rimac cé chomh tiomanta a bhí sí, agus thug an post di ar an bpointe. Ní raibh ach bean amháin eile ag obair ina rannóg. An chéad chúram a leagadh uirthi: cadhnraí do charr rásaíochta a bhí SEAT na Spáinne a thógáil. Bhí amhras uirthi faoina bheith ag obair i dtionscal a bhfuil ceannas ag fir ann, ach bhí a cuid comhghleacaithe iontach sásta tacú léi. "Chuir mé ceisteanna, rinne mé staidéar sa bhaile, agus níorbh fhada gur tháinig mé isteach air le cúnamh mo chuid comhghleacaithe," a deir sí.

Na laethanta seo, tá sí ina hinnealtóir sóisearach cadhnra cheana féin agus í ag obair ar charr spóirt leath-uathrialaitheach darb ainm an Concept 2, atá in ann 412 km/h a bhaint amach. "Táim iontach bródúil go bhfuil mé ag obair i gcuideachta atá ag iarraidh an saol mór a athrú chun feabhais agus tionchar dearfach a bheith aici ar an gcomhshaol," ar sí, "agus go bhfuil an obair seo ar fad ag tarlú i gcathair bheag, i dtír atá chomh beag leis an gCróit."

Elizabeta Žalac
Innealtóir sóisearach cadhnra de chuid Rimac

INBHUANAITHEACHT

AN BÓTHAR FADA, PRÁINNEACH

Ó oileán beag sa tSualainn chuig sráidbhaile sa tSeineagáil, tá an BEI páirteach sa troid ar son na haeráide agus forbairt ionchuimsitheach – agus beidh chomh fada agus is gá le hinbhuanaitheacht a bhaint amach.

1

Ba é an t-am a chaith Helena Mueller ag teacht in inmhe ar oileán beag i dTuaisceart na hEorpa a spreag í chun dul le gairm i réimse an chomhshaoil agus an airgeadais aeráide.

2

Tá Alecta ar cheann de na cuideachtaí a cheannaíonn an líon is mó bannaí inbhuanaitheachta nua de chuid an BEI agus fanann glan ar aon infheistíocht lena ndéanfaí dochar suntasach don chomhshaol.

3

Tacaíonn na Bannaí Feasachta Inbhuanaitheachta nua ón BEI le tionscadail mhóra a dhéanann an saol níos fearr do na milliúin daoine.

4

I mbailte beaga i dtuaisceart na hÉigipte, fágann droch-chórais séarachais na leanaí tinn agus déanann na huiscebhealaí agus an fharraige a thruailliú.

5

Caithfear níos mó a dhéanamh le hinbhuanaitheacht a bhaint amach don am atá le teacht. Chun a chion féin a dhéanamh, déanann an BEI an-chuid infheistíochtaí sa ghníomhú ar son na haeráide.

7

Úsáideann Fondation Grameen Crédit Agricole iasachtaí beaga le troid in aghaidh na bochtaineachta agus cabhrú le mná i gceantair thuaithe san Afraic.

6

Nuair a bhí sí óg, shiúladh Soukeyna Bâ roinnt mhaith ciliméadar gach lá in éineacht lena seanmháthair le cabhrú le daoine ar an ngannchuid. Anois tá sí ag troid ar son chearta agus cumhacht eacnamaíoch na mban sa tSeineagáil agus níos faide i gcéin.

1 TÓGTHA IN ÁIT AR LEITH

Nuair a bhí sí ag fás aníos ar oileán beag sa tSualainn darb ainm Öland, is cuimhin le Helena Mueller go raibh múinteoirí ag cur fainic uirthi go raibh Muir Bhailt ag éirí tinn ó chamras, sceitheadh tionscail agus ceimiceáin. "Nuair a thógtar in áit speisialta ar nós Öland thú, bíonn an fharraige, an spéir agus an dúlra timpeall ort i gcónaí. D'fhéadfá a rá go bhfuil grá don chomhshaol sa dúchas ionat," a deir Mueller, a chuireann a gairm san airgeadas comhshaoil agus inbhuanaitheacht síos dá múinteoirí scoile agus do shaol an oileáin.

Tá cónaí ar Mueller gar do Stócólm anois, áit ar fhág sí post comhairleachta san inbhuanaitheacht leis an ngnólacht cuntasaíochta KPMG ar na mallaibh le tosú ag cabhrú le gnóthais nuathionscanta teicneolaíocht dhigiteach a úsáid agus feidhmiú ar bhonn inbhuanaithe. In 2018 chabhraigh sí gnóthas teicneolaíochta nua darb ainm Doconomy a chur ar bun. Tá an chuideachta Shualannach ag forbairt seirbhís baincéireachta móibílí a ligfidh do dhaoine súil a choinneáil ar a dtionchar comhshaoil agus é a chúiteamh ach infheistiú i dtionscadail chomhshaoil nó coigilteas a chur i dtaisce i gcistí inbhuanaithe

"Nuair a phléimid an ghéarchéim aeráide, sílim go bhfuil sé tábhachtach go dtosóimis ag leagan béim ar an gcaoi a bhfuil an téamh domhanda agus an t-athrú aeráide ag dul i gcion ar dhaoine ar fud an domhain cheana," ar sí. "Ní hamháin go bhfuil dochar á dhéanamh againn don dúlra, ach do dhaoine eile freisin. Tá sé de cheart ag gach duine saol maith a bheith aige."

Bhí Mueller an-sásta a fháil amach go ndéanann a ciste pinsin, atá á bhainistiú ag an mbainisteoir cistí Sualannach Alecta, infheistiú i mbannaí comhshaoil de chuid an BEI. Tá Alecta i measc na gcuideachtaí a cheannaíonn an líon is mó Bannaí Feasachta Inbhuanaitheachta, a thug an BEI isteach in 2018. "Ceapaim gur iontach an rud é go bhfuil mo phinsean á bhainistiú ar an gcaoi seo," ar sí. "Ar cheann de na cinntí is tábhachtaí is féidir leat a dhéanamh chun an dochar a dhéanann tú don phláinéad a laghdú ná infheistiú go hinbhuanaithe – is iontach an difríocht is féidir leat a dhéanamh."

> **"Is deacair an rud é gan tuairimí láidre a bheith agat faoin dúlra nuair a bhíonn sé timpeall ort i gcónaí."**

Ba chóir d'institiúidí airgeadais iarracht ní ba mhó a dhéanamh an pobal a chur ar an eolas faoin infheistiú freagrach, dar le Mueller, agus ba chóir dóibh iarracht a dhéanamh na scéalta taobh thiar de na sonraí a insint.

Oibríonn an BEI go crua lena chruthú go dtéann na bannaí glasa dá chuid i ngleic leis an athrú aeráide agus go n-imríonn na Bannaí Feasachta Inbhuanaitheachta an tionchar ceart. Ba é an Banc an chéad eisitheoir a chuir rialacha mionsonraithe i dtoll a chéile maidir le tuairisciú tionchair tionscadal a fhaigheann airgead ó bhannaí glasa, rud as ar eascair creat comhchuibhithe um thuairisciú tionchar do gach eisitheoir bannaí glasa.

"Bíonn bainc chomh dírithe sin ar chúrsaí airgid agus airgeadais, agus ar an airgead sin a infheistiú," a deir sí. "Uaireanta ligeann siad a gcaidreamh leis an bpobal i ndearmad agus teipeann orthu a bhfuil ag tarlú a léiriú, na saincheisteanna a phearsantú, agus na scéalta a insint do na daoine."

Helena Mueller
Fiontraí comhshaoil

2 DUALGAS AN SAOL A CHOSAINT

Tá imní ar Alecta, bainisteoir pinsean Sualannach, faoi infheistiú go freagrach leis na blianta, ach trí bliana ó shin chuir siad freagracht as an tsaincheist ar aon duine amháin. Bhí Peter Lööw ina bhainisteoir tionscadail agus anailísí riosca le Alecta ar feadh 15 bliana sular ghlac sé leis an ról nua. Déanann Lööw cinnte de go gcuireann Alecta fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus inbhuanaitheachta sa mheá agus infheistíochtaí á meas acu. Freagracht mhór is ea é. Is é Alecta an bainisteoir cistí pinsin is mó sa tSualainn agus déanann siad cistí pinsin a bhainistiú thar ceann roinnt mhaith cuideachtaí mór le rá, Volvo, ABB agus Ericsson ina measc.

Is féidir airgead a shaothrú agus an comhshaol a chosaint ag an am céanna, dar le Lööw. "Bíonn an cheist seo á plé againn an t-am ar fad. Ní thagann an dá sprioc seo salach ar a chéile. Más infheisteoir fadtréimhseach thú sa bhrí cheart den fhocal, ní mór duit níos mó ná sonraí airgeadais a chur sa mheá – an tsochaí, an aeráid, an comhshaol mar shampla – mar go rachaidh na rudaí sin i bhfeidhm ar do chuid infheistíochtaí."

"Is maith linn sócmhainní glasa, inbhuanaithe a bheith inár bpunann againn."

Fanann Alecta glan ar infheistíochtaí nach bhfuil inbhuanaithe nó nach gcloínn le samhail infheistithe fhreagraigh an chiste.

"Ní eagraíocht dhaonchairdiúil muid, ach is maith linn sócmhainní glasa, inbhuanaithe a bheith inár bpunann againn. Bíonn ár gcuid cliant ag súil leis sin agus is mian linne déanamh amhlaidh chomh maith," a deir Lööw.

Déanann Alecta €85 billiún d'airgead pinsin a bhainistiú thar ceann 2.4 milliún cliant príobháideach agus 34 000 corparáid. Tá luach €3 bhilliún de bhannaí glasa acu, mar aon le €450 milliún d'infheistíochtaí inbhuanaithe eile. Bhí siad ar cheann de na heagraíochtaí a cheannaigh an líon ba mhó Bannaí Feasachta Inbhuanaitheachta nuair a seoladh an chéad eisiúint €500 milliún i mí Mheán Fómhair. Príomh-infheisteoir ba ea Alecta, a cheannaigh luach €50 milliún de na bannaí nua.

"Is mór againn trédhearcacht an BEI," arsa Lööw.

Peter Lööw
Ceannasaí an infheistithe fhreagraigh in Alecta

3 BANNAÍ NUA I dTREO NA hINBHUANAITHEACHTA

Uisce óil glan a mhaoiniú do na milliúin daoine

Is acmhainn luachmhar é an t-uisce, ach bíonn sé costasach é a mhaoiniú freisin de bharr go gcaithfear infreastruchtúr mór a chur ar bun chun é a ghlanadh agus a chaidéalú isteach i dtithe agus i ngnóthais. Ceann de tháirgí is nuaí an BEI, déanfaidh Bannaí Feasachta Inbhuanaitheachta tionscadail uisce a mhaoiniú san Eoraip, ach in áiteanna eile amhail oirthear na hAfraice nó tuaisceart na hÉigipte freisin, áit a bhfuil uisce úr agus sláintíocht in easnamh in áiteanna tuaithe agus i roinnt cathracha. Déanann na bannaí inbhuanaitheachta forbairt ar an rath a bhí ar bhannaí glasa an Bhainc agus cuirfidh siad airgead ar fáil do roinnt de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe.

D'eisigh an BEI an chéad Bhanna Feasachta Inbhuanaitheachta i mí Mheán Fómhair, a bhailigh €500 milliún le maoiniú a chur ar fáil do thionscadail a théann i ngleic le saincheisteanna sóisialta agus glasa a bhfuil níos mó ná an t-athrú aeráide amháin i gceist leo. Cuireann an téarma "feasacht" Bannaí Feasachta Aeráide an Bhainc i gcuimhne, a bhí ar na chéad bhannaí glasa ar domhan tráth a seolta in 2007.

Tá súil ag an BEI go n-éireoidh na bannaí inbhuanaitheachta chomh hiontach céanna leis na bannaí glasa, a thiomsaigh breis is €23 billiún le himeacht 11 bhliain agus a chabhraigh margadh domhanda bannaí glasa, ar fiú níos mó ná €400 billiún anois, a fhorbairt.

Cuirfear tuairiscí mionsonraithe ar fáil maidir le bannaí inbhuanaitheachta an BEI, amhail líon na ndaoine a fuair rochtain ar uisce reatha mar thoradh ar an infheistíocht. "Sa Mhaláiv, b'fhéidir go bhfuil 10 000 duine ina gcónaí sna slumaí agus iad ar fad ag brath ar uisce ó thobar," arsa Thomas van Gilst, ceannasaí rannóg bainistíochta uisce an BEI. "Táimid in ann píopaí uisce a thabhairt isteach ón gcóras lárnach faoi dheireadh thiar thall, agus tá na costais ar fad a bhaineann leis an obair sin incháilithe le haghaidh maoiniú ó bhannaí inbhuanaitheachta."

"Ní imríonn bannaí tionchar díreach ar shaol na ndaoine. Imríonn na tionscadail."

I gceann de na chéad tionscadail de chuid an BEI a bheidh maoinithe ag na bannaí inbhuanaitheachta, tógfar agus athchóireofar ionaid cóireála fuíolluisce in Kafr El Sheikh i dtuaisceart na hÉigipte, áit nach bhfuil mórán daoine nasctha leis an gcóras poiblí séarachais. Meastar go bhfeabhsófar cáilíocht beatha agus timpeallachta 470 000 duine sa cheantar tuaithe seo mar thoradh ar an tionscadal. "Beidh athrú ó bhonn ar shaol laethúil na mílte daoine mar gheall ar an tionscadal seo san Éigipt," arsa Patricia Castellarnau, eacnamaí uisce leis an BEI.

Le cois an uisce, d'fhéadfadh sé go leathfadh na bannaí amach go tuilleadh réimsí sóisialta amach anseo, amhail cúram sláinte, oideachas, nó tógáil cathracha inbhuanaithe

Patricia Castellarnau
Eacnamaí uisce de chuid an BEI

IN 2018, THACAIGH BANNAÍ GLASA AN BEI LE

44
tionscadal

16
thír

Luach
€1.7bn
d'infheistíochtaí

MIONDEALÚ DE RÉIR TÍRE AR NA BANNAÍ FEASACHTA INBHUANAITHEACHTA A CEANNAÍODH



CUSPÓIRÍ AN BEI MAIDIR LE TIONSCADAIL UISCE ARNA MAOINIÚ AG BANNAÍ FEASACHTA INBHUANAITHEACHTA

- Fáil ar **uisce** agus **sláintíocht**
- **Cosc** agus **rialú truaillithe**
- Caomhnú **acmhainní nádúrtha**
- **Bainistiú riosca** maidir le tubaistí nádúrtha

4 NÍ SLÁINTE NA LEANAÍ GO SLÁINTÍOCHT NÍOS FEARR

Tá feabhas tagtha de réir a chéile ar sheirbhísí séarachais agus uisce óil i mórchathracha na hÉigipte le fiche nó tríocha bliain anuas, ach scéal eile ar fad is ea na bailte beaga. I gceantair thuaithe, níl cuid mhaith tithe nasctha le séarach poiblí. Ní ann d'aon chóras poiblí séarachais i gceantair áirithe fiú amháin. Úsáidtear dabhacha séarachais i bhformhór na dtithe agus na ngnóthas agus uaireanta faightear réidh leis an bhfuíoll trína chaitheamh i gcanálacha nó i mbréanlaigh. Is minic a sceitheann camras isteach sa talamh nó sa Mheánmhuir.

I gceantair thuaithe san Éigipt, níl ach 18% de na tithe nasctha le séarach poiblí agus níl uisce reatha ag idir 12% agus 15% den phobal. Bíonn na fadhbanna sláintíochta ina gcúis le breoiteacht, go háirithe i gcás leanaí. Mar gheall ar an easpa uisce agus sláintíochta, tá an bhuinneach anois ar cheann de na príomhfhadhbanna sláinte i measc leanaí óga i gceantair thuaithe san Éigipt.

"Tá an Éigipt ag iarraidh athrú," arsa María Diamanti, innealtóir uisce de chuid an BEI. "Ach tá an oiread sin tionscadail ar bun go dtógfaidh sé tamall seirbhísí sláintíochta a chur ar fáil i ngach áit. Tá an saol á fheabhsú againn céim ar chéim."

I gceann de na tionscadail ar cuireadh tús leis le déanaí, tógfar agus athchóireofar ionaid cóireála fuíolluisce in Kafr El Sheikh i dtuaisceart na hÉigipte, gar don Mheánmhuir. Déanfaidh an Éigipt cúig ionad cóireála fuíolluisce a thógáil nó a mhéadú agus leagfaidh 694 km de phíopaí camrais. Feabhsófar an tsláintíocht agus cuirfear uisciú ar fáil do bheagnach 470 000 mar thoradh ar an obair. Ina theannta sin, cuirfear teorainn leis an méid truaillithe a théann isteach sa Níl, sa Mheánmhuir agus i loch atá in aice láimhe darb ainm Loch Burullus, áit a bhfuil 70% de thionscal iascaireachta na tíre bunaithe.

> **"Tá an saol á fheabhsú againn céim ar chéim."**

Cheadaigh an BEI iasacht €77 milliún don tionscadal €160 milliún, agus í tacaithe ag Bannaí Feasachta Inbhuanaitheachta nua an BEI. Tacaíonn na bannaí, ar eisigh an Banc den chéad uair i mí Mheán Fómhair iad, le tionscadail shóisialta, ghlasa ar mhaithe leis an gcomhshaol ar fud na cruinne. "Tá bearna mhór infheistíochta ag an Éigipt ó thaobh an chórais séarachais de," dar le Patricia Castellarnau, eacnamaí uisce de chuid an BEI. "Beidh fáil ag na mílte daoine ar áiseanna sláintíochta mar thoradh ar an tionscadal seo, ach beidh roinnt mhaith buntáistí eile ag baint leis freisin, ar nós uisciú, truailliú laghdaithe, agus canálacha níos glaine. Beidh tionchar comhshaoil agus sóisialta thar na bearta aige, díreach an rud atá ag teastáil uainn ó na Bannaí Feasachta Inbhuanaitheachta."

Maria Diamanti
Innealtóir uisce de chuid an BEI

5 INBHUANAITHEACHT SAN FHADTRÉIMHSE

Tá an fhorbairt inbhuanaithe go hard ar chlár oibre an BEI leis na blianta anois. Bíodh sin mar atá, tá béim níos láidre á leagan uirthi anois go bhfuil na Náisiúin Aontaithe tar éis glacadh le 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe d'fhonn deireadh a chur leis an mbochtaineacht, sláinte agus oideachas a fheabhsú, dul i ngleic leis an téamh domhanda agus an comhionannas inscne a threisiú. Tugann an BEI maoiniú agus cúnamh teicniúil do thionscadail inbhuanaithe i mbreis is 160 tír agus spreagann infheisteoirí príobháideacha chun ár n-infheistíocht fhadtréimhseach a mheaitseáil chomh maith. "Tacaímid le codanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de shaol na ndaoine a fhorbairt ar bhealach cairdiúil," arsa Marco Beros, príomhinnealtóir de chuid an BEI.

Príomhbhealach leis an bpláinéad a dhéanamh níos inbhuanaithe is ea troid i gcoinne an athraithe aeráide. Is é an BEI an soláthraí iltaobhach maoinithe ghlais is mó ar domhan agus an t-eisitheoir bannaí glasa is mó dá bhfuil ann. Déanann an Banc céatadán nach lú ná 25% dá chuid maoinithe a infheistiú sa ghníomhú ar son na haeráide. Faoin mbliain 2020, tá sé mar aidhm ag an BEI cion nach lú ná 35% dá chuid maoinithe i dtíortha i mbéal forbartha a chur i leataobh d'infheistíochtaí a théann i ngleic leis an athrú aeráide. Cuirfidh an BEI luach $100 billiún de mhaoiniú ar fáil d'infheistíochtaí idir 2016 agus 2020, rud a chabhróidh go mór le spriocanna Chomhaontú Pháras. Leis na cuspóirí sin a bhaint amach, tarraingíonn an BEI aird an phobail ar ghníomhú ar son na haeráide, arsa Monica Scatasta, ceannasaí rannóg beartais comhshaoil, aeráide agus shóisialta an BEI. "Táimid ag obair go dian d'fhonn a chinntiú go mbeidh an t-athrú aeráide curtha san áireamh inár n-oibríochtaí uile faoin mbliain 2020, agus go mbeidh siad i gcomhréir le Comhaontú Pháras freisin."

> **"Táimid ag obair go dian d'fhonn a chinntiú go mbeidh an t-athrú aeráide curtha san áireamh inár n-oibríochtaí uile faoin mbliain 2020, agus go mbeidh siad i gcomhréir le Comhaontú Pháras freisin."**

Infheistíocht iomlán i gcúrsaí aeráide: €16.2bn

€1.1bn Dul i dtaithí ar an athrú aeráide

€4.1bn Fuinneamh in-athnuaite

€2.7bn Éifeachtúlacht fuinnimh

€1.1bn Taighde, forbairt agus nuálaíocht

€6.0bn Iompar ísealcharbóin

€1.2bn Bearta maolaithe eile

Monica Scatasta
Ceannasaí rannóg beartais comhshaoil, aeráide agus shóisialta an BEI

6 GNÍOMHAÍ Ó BHREITH

Agus lorg a seanmháthar á leanúint aici, d'éirigh Soukeyna Bâ ina ceannasaí ar son chearta na mban

Fuair athair Soukeyna N'Diaye Bâ bás nuair a bhí sí sé bliana d'aois. Ní raibh an dara rogha ag a máthair ach filleadh ar an scoil agus post ní b'fhearr a fháil le tacú lena hiníon. Chuaigh Soukeyna ó theach go teach i sráidbhailte agus pobail tuaithe sa tSeineagáil, agus í ag fanacht le haintíní léi nó lena seantuismitheoirí.

Bhí tionchar ag an tógáil chrua sin uirthi agus d'fhás sí ina bean neamhspleách a bhí sásta obair as lámha a chéile le gach cineál duine. Níorbh fhada go raibh sí ina ceannasaí ina tír féin agus ar fud na hAfraice ar son chearta na mban agus forbairt inbhuanaithe. "Nuair a bhí mé óg, thugainn cuairt ar dhaoine in éineacht le mo seanmháthair," arsa Soukeyna, atá 68 bliain d'aois anois agus ina cónaí i nDacár. "Bhíodh sí ag cabhrú le daoine de shíor agus lánsásta na ciliméadair fhada a shiúl le cuairt a thabhairt orthu. Uaireanta thaistealaíodh sí i bhfad ó bhaile díreach le beannú do dhuine. Chuir sí ina luí orm a thábhachtaí is atá sé caidreamh a chothú le daoine."

"Tá an saol crua d'fheirmeoirí beaga."

Tá an-chuid caidreamh déanta ag Soukeyna le fiche nó tríocha bliain anuas. In 1987, thosaigh sí ag tabhairt iasachtaí beaga do mhná i margaí lena cuid airgid féin. Chabhraigh sí leo gnóthas a chur ar bun le bia agus táirgí eile a dhíol nó fabraicí a fhuáil. Chuir sí oiliúint orthu maidir le díolacháin, brabús agus costais. As an smaoineamh sin a d'eacair institiúid mhicrea-airgeadais san Afraic darb ainm Forbairt Gnó na mBan, atá ag cabhrú le mná fud fad na Seineagáile agus ag cothú naisc láidre le gníomhaithe micrea-airgeadais eile sna ceithre hairde. Chomhbhunaigh sí Líonra Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Airgeadais Malartacha, is grúpa domhanda eagraíochtaí micrea-airgeadais a chabhraíonn tíortha i mbéal forbartha tuilleadh a dhéanamh do mhná, do na bocht agus dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu faoin tuath.

"Tá mná sa tSeineagáil iontach láidir, ach ní fhaigheann siad an tacaíocht airgid a theastaíonn uathu. Sin an fáth ar chuir mé m'eagraíocht ar bun," arsa Soukeyna. "Bhí a fhios agam go raibh orainn tuilleadh a dhéanamh le deiseanna agus fíor-rochtain ar acmhainní airgeadais a thabhairt dóibh, ionas go bhféadfaí iad a chuimsiú sa gheilleagar."

Tá Soukeyna ar Bhord Fondation Grameen Crédit Agricole, ar eagraíocht é a chreideann gurb é an micrea-airgeadas an bealach is fearr le deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus le borradh a chur faoin ngeilleagar i dtíortha i mbéal forbartha. Thug an BEI iasacht €12 mhilliún do Grameen le tacú lena gcuid saothair.

Soukeyna Bâ
Fiontraí micrea-airgeadais

7 CABHRAÍONN FONDÚIREACHT MHICREACHREIDMHEASA LE DAOINE ÉALÚ Ó GHREIM NA BOCHTAINEACHTA

Tá Grameen ag feabhsú cúram sláinte, uisce agus áiseanna sláintíochta i bpobail tuaithe ar fud an domhain.

Nuair a smaoiníonn Eric Campos ar a bhfuil i ndán don Afraic, stopann sé ar feadh píosa sula dtosaíonn sé ag labhairt. "B'fhéidir go n-éireoidh leis an Afraic nó b'fhéidir nach n-éireoidh," ar sé.

Is é Campos stiúrthóir bainistíochta Fondation Grameen Crédit Agricole, eagraíocht a bhfuil saineolas aici ar mhicrea-airgeadas sna réigiúin is boichte ar domhan. Creideann an fhondúireacht go bhfuil iasachtaí beaga ar cheann de na bealaí is fearr le deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an geilleagar a fheabhsú, agus cothrom na Féinne a thabhairt do mhná i dtíortha i mbéal forbartha. Tá an fhondúireacht an-tiomanta do cheantair thuaithe san Afraic go háirithe, áit a ndéanann sí 80% dá cuid gnó.

> **"Trí iasachtaí a thabhairt d'institiúidí áitiúla, a dháileann an t-airgead sna háiteanna a bhfuil gá leis ina gceantar féin, táimid ag tacú le daoine aonair a bheith neamhspleách ó thaobh airgid de."**

Is iad Crédit Agricole Group agus Iontaobhas Grameen a chuir ar bun in 2008 í. Banc de chuid na Fraince is ea Crédit Agricole Group agus is eagraíocht neamhbhrabúis é Iontaobhas Grameen, ar bhunaigh Muhammad Yunus é sular bhuaigh sé Duais Nobel na Síochána i gcomhpháirt le Banc Grameen in 2006 as ceannródaíocht a dhéanamh sa mhicreachreidmheas do na bocht.

Deir Campos gur iontach an rud é cúram sláinte, soláthair uisce agus seirbhísí sláintíochta a fheabhsú do phobail tuaithe san Afraic, ach gur mian lena eagraíocht a léiriú gur féidir ceantair thuaithe a dhéanamh inbhuanaithe ach iasachtaí beaga ar rátaí maithe a thabhairt do mhná agus d'fheirmeoirí. Cabhraíonn iasachtaí beaga do mhná le teaghlaigh agus leanaí saol níos sláintiúla a bheith acu. Cabhraíonn maoiniú d'fheirmeoirí leis an bpobal ar fad, a deir sé.

Úsáidtear an iasacht €12 mhilliún a thug an BEI do Fondation Grameen Crédit Agricole le hiasachtaí a mhaoiniú d'institiúidí micrea-airgeadais in Iarthar na hAfraice. Tá an fhondúireacht gníomhach i 38 tír agus tá breis is €200 milliún tugtha amach ar iasacht aici do bheagnach 90 institiúid micrea-airgeadais ar fud na cruinne. Is i gceantair thuaithe atá cónaí ar fhormhór mór na ndaoine a bhaineann tairbhe as na hiasachtaí sin.

Eric Campos
Stiúrthóir bainistíochta
Fondation Grameen Crédit Agricole

COMHIONANNAS INSCNE

DÉAN IARRACHT LEATH DEN DOMHAN A CHUR AS DO CHEANN

Tá ciall leis an gcomhionannas inscne ó thaobh eacnamaíochta de, is cuma cá bhfuil tú. Dá mbeadh cead a gcinn ag mná sa réimse eacnamaíoch, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú $12 thrilliún ar an OTI domhanda faoin mbliain 2025, sin de réir tuairisc de chuid Institiúid Dhomhanda McKinsey. Déanfaidh cur chun cinn an chomhionannais inscne leas do mhná, dá dteaghlach, do na pobail a bhfuil cónaí orthu iontu, don earnáil ghnó agus don gheilleagar i ndeireadh na dála. In 2018, chuir an BEI comhionannas inscne agus cumhachtú eacnamaíoch na mban chun cinn trí raon tionscadal, tionscnamh agus comhpháirtíochtaí.

Níos mó ná ball éadaigh: tá líonra fiontraíochta do mhná á fhorbairt ag scoil faisin san Aetóip. 1

"Caithfimid gach tionscadal dár gcuid a dhearadh go cúramach lena chinntiú go mbainfidh idir fhir agus mhná leas astu. Is tábhachtach an rud é an réimse ceart a roghnú ar dtús toisc go gcuirfear fáilte níos mó roimh an gcomhionannas inscne i réimsí áirithe."

Inscne agus an t-athrú aeráide: Cumhacht (in-athnuaite) na mban. 2

Julia Chambers
Speisialtóir sinsearach forbartha sóisialta de chuid an BEI

"Is iomaí athrú a tharlaíonn de bharr ban. Dá mhéad a dhéanaimid mná a chumhachtú is ea is fearr a bheimid in ann dúshláin phráinneacha a shárú: gníomhú ar son na haeráide, imirce neamhrialta, baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe."

Maria Shaw-Barragan
Ceannasaí rannóg comhpháirtithe domhanda an BEI

3

Déanann micrichiste mná a chumhachtú san Iordáin.

CUMHACHTÚ STRAITÉISEACH

Lena Straitéis maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú Eacnamaíoch na mBan, is aidhm leis an BEI cearta ban agus cailíní a chur i lár an aonaigh ina chuid gníomhaíochtaí d'fhonn Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun cinn tuilleadh, agus Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 a chur chun cinn go háirithe, a bhfuil sé mar aidhm aici "comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus cailín a chumhachtú."

4

Ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga agus sa tsláinte: Peiptídí agus fiontraí mná.

1 DEARAÍ DON TODHCHAÍ

San Aetóip, fiú mura bhfuil tú tugtha don fhaisean, gach seans go bhfuil Next Fashion Design ar eolas agat ós rud é go bhfuil sé ar cheann de scoileanna dearaidh ceannródaíocha na tíre. Is a bhuíochas do Sara Mohamed atá ag éirí chomh geal sin leis, bean a bhfuil clú uirthi as a blas féin a chur ar éadaí traidisiúnta de chuid na hAetóipe agus as cruthaitheacht táilliúireachta a chur chun cinn.

Mainicín a thiontaigh ina dearthóir is ea Mohamed, a bhunaigh Next Fashion Design in 2013 agus atá ag obair ó shin i leith lena háit féin a shaothrú san earnáil faisin. Níos tábhachtaí fós, spreagann sí a cuid mac léinn chun déanamh amhlaidh.

Maireann cláir sa scoil idir trí mhí agus dhá bhliain, agus is mná iad 80% de na mic léinn. I bhfómhar 2018, fuair Mohamed iasacht ó Bhanc ENAT san Aetóip, agus í tacaithe ag líne mhaoinithe ón BEI. "Má dhéanaim bean a chumhachtú, spreagfaidh an bhean sin bean eile, agus spreagfaidh an bhean sin bean eile, agus mar sin de," arsa Mohamed. "Tá sé ar nós slabhra, fásaimid aníos le chéile."

"Tá sé ar nós slabhra, fásaimid aníos le chéile. Má dhéanaim bean a chumhachtú, spreagfaidh an bhean sin bean eile, agus spreagfaidh an bhean sin bean eile, agus mar sin de."

Tacaíonn an BEI le Tionscadal Forbartha na Fiontraíochta i measc Ban san Aetóip chomh maith. Faoin tionscadal, cuirtear maoiniú ar fáil do mhicreaghnóthais agus do ghnóthais bheaga atá faoi úinéireacht iomlán nó faoi pháirtúinéireacht ban. Cuireadh tús leis sa bhliain 2013 le hiasacht $50 milliún ón mBanc Domhanda, agus tá maoiniú meallta ó shin ó rialtais na hIodáile agus na Seapáine. I mí na Samhna 2018, thug an BEI iasacht fhadtréimhseach €30 milliún don tionscadal freisin. Deir Enrico Pini, an t-oifigeach infheistíochta de chuid an BEI atá ag plé leis an iasacht, go bhfreastalaíonn an tionscadal anois "ar ghrúpa custaiméirí atá ag dul i méid go tapa agus nach raibh freastal ceart á dhéanamh orthu roimh ré."

Samhail cheannródaíoch is ea an tionscadal, díreach cosúil le scoil dearaidh faisin Sara.

Sara Mohamed
Bunaitheoir Next Fashion Design

2 CUMHACHT (IN-ATHNUAITE) NA mBAN

Is iad na mná is mó a bhíonn i mbaol éifeachtaí an athraithe aeráide in amanna. Is féidir leo troid ina choinne ar bhealach an-éifeachtach chomh maith. Tá an Banc ag obair chun cúrsaí inscne a fhí isteach sna hiarrachtaí atá ar bun aige cheana féin le dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Cumhacht do na cailíní san India. I sráidbhailte in Telangana agus Andhra Pradesh na hIndia, is minic a fhágtar teaghlaigh gan leictreachas ar feadh suas le 12 uair an chloig sa lá. "Ní raibh aon fhean ná aon solas againn; ba dheacair do na leanaí a gcuid oibre scoile a dhéanamh. Bíonn sé an-te go deo sa samhradh, agus bíonn sé deacair do na leanaí an teas a sheasamh. Cabhraíonn feananna agus soilse go mór linn," a deir duine de na mná áitiúla atá ag baint leas as iasacht fhadtréimhseach €150 milliún a thug an BEI do Ghníomhaireacht Forbartha Fuinnimh In-Athnuaite na hIndia.

> **"A bhuíochas le D-light, bíonn níos mó ama agam le hobair a dhéanamh agus bíonn sé níos gile freisin."**

Tá an líne chreidmheasa €150 milliún ag tacú le luach €500 milliún d'infheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite agus le tógáil stáisiún grianchumhachta agus feirmeacha gaoithe ar fud na hIndia. In Telangana agus Andhra Pradesh, d'éirigh leis na hinfheistíochtaí sin fuinneamh in-athnuaite ar féidir brath air a thabhairt isteach do phobail agus saol ban agus cailíní a fheabhsú. Cuireann soilsiú sráide níos fearr mná ar a gcompord agus iad ag siúl san oíche agus cabhraíonn an fuinneamh iontaofa le leanaí am a fháil chun staidéar a dhéanamh. Ina theannta sin, tá fuinneamh glan á sholáthar do bhreis is 1.1 milliún teaghlach san Indian mar thoradh ar an tionscadal.

Tá tábhacht ag baint le sábháilteacht na mban ar thionscadail mhóra infreastruchtúir, leis. Glac an meitreo in Bangalore, mar shampla, ceann de na cathracha is gasta fás ar domhan. Téann muintir na cathrach ar an meitreo breis is 400 000 uair sa lá, líon is ionann agus níos mó ná 150 mhilliún turas sa bhliain. Tá an oiread sin tóir ar an líne de bharr na socruithe speisialta atá déanta do phaisinéirí mná, a cuireadh leis an gcóras tar éis dul i ndáil chomhairle le mná áitiúla. Bíonn dhá charráiste i ngach traein curtha i leataobh do mhná, rud an-bhíonn an-tábhachtach agus an traein dubh le daoine. "Go háirithe nuair a théann an traein i dtreo Bhóthar Mysore, tagann na sluaite ar bord. Ansin bíonn a fhios agat go bhfuil sí plódaithe. Ansin tosaíonn na mná ag mothú míchompordach," a deir duine de na paisinéirí mná.

UAIR NÍOS GILE

Margaret Anyango
Úinéir siopa grósaera in Nairobi

Tar éis luí na gréine, ní thagadh aon duine isteach i ngnóthas grósaeireachta Margaret Anyango. Ach ní amhlaidh atá an scéal a thuilleadh. Is féidir a both in Nairobi a fheiceáil ó i bhfad i gcéin anois a bhuíochas le pacáiste grianchumhachta ón gcuideachta D-light. "Is cuma cá fhad uaim atá siad, feicfidh na custaiméirí go bhfuil mé fós ar oscailt toisc go bhfuil solas ann," ar sí. Soláthraíonn D-light córais soilsithe ghrianchumhachtaithe nach gá dóibh a bheith nasctha leis an ngreille, lena n-áirítear grianphainéil, luchtairí fóin póca, griansoilse, lasca solais, tóirsí, raidiónna FM agus teilifíseáin fiú amháin. Tá sé éasca na painéil a úsáid agus is féidir leo feidhmiú mar ghreille chumhachta phearsanta. Níl siad costasach ach an oiread de bharr go bhfuil córas réamhíoctha i bhfeidhm. Díoladh na córais seo le 200 000 custaiméir sa Chéinia cheana. D'éirigh le D-light maoiniú $25 milliún a fháil ón BEI i mí an Mhárta 2018. "A bhuíochas le D-light, bíonn níos mó ama agam le hobair a dhéanamh," arsa Margaret, "agus bíonn sé níos gile freisin."

3 MICRIASACHTAÍ A BHFUIL TIONCHAR MÓR ACU

Le 20 bliain anuas tá an Micrichiste do Mhná ag cur maoiniú ar fáil do ghnóthais faoi úinéireacht ban ar fud na hIordáine, agus é ag líonadh na bearna a d'fhág na bainc áitiúla nach raibh in ann iasachtaí beaga a thabhairt do ghnóthais bheaga. Tá cultúr na hIordáine ag athrú anois mar gheall go bhfuil an Micrichiste ann. Spreagann iasachtaí ón Micrichiste mná chun post a fháil agus a bheith ina bhfiontraí, rud a laghdaíonn neamh-chomhionannas inscne.

Is mná iad 70% de na daoine atá beo bocht san Iordáin. Tuilleann siad níos lú ná na fir, ní bhíonn mórán smachta acu ar réadmhaoin, agus is minic gurb iadsan idir an príomhchúramóir agus an príomhshaothraí ina dteaghlach. Oibríonn an Micrichiste le teifigh ón tSiria chomh maith, 1.4 milliún acu atá tar éis cur fúthu san Iordáin mar thoradh ar an gcogadh cathartha sa tSiria.

Is mná iad 70% de na daoine atá beo bocht san Iordáin.

D'eisigh an BEI líne chreidmheasa $5 mhilliún don Mhicrichiste do Mhná d'fhonn cabhrú le fiontraithe mná, daoine féinfhostaithe agus grúpaí micrifhiontraithe go príomhra, amhail grúpa teifeach mná ón tSiria. Tacóidh an líne chreidmheasa ón BEI le hiasachtaí do 146 000 tairbhí, 96% acu a mheastar a bheidh ina mbean.

Is í Saoráid Mhicrea-Airgeadais na Comharsanachta Theas atá ag tacú leis an iasacht. Tá an tsaoráid iasachtaithe €71.3 milliún seo á cur ar fáil ag an BEI agus an Coimisiún Eorpach i gcomhar le chéile faoi Shaoráid Infheistíochta na Comharsanachta. Tá an líne chreidmheasa ar an dara iasacht ón BEI don Mhicrichiste do Mhná, rud a raibh maoiniú €2 mhilliún i gceist leis agus a cuireadh ar fáil in 2014.

Tacóidh an líne chreidmheasa ón BEI le hiasachtaí do 146 000 tairbhí, 96% acu a mheastar a bheidh ina mbean.

4 AR THÚS CADHNAÍOCHTA SAN INTLEACHT SHAORGA AGUS SA tSLÁINTE

San Aontas Eorpach ní théann ach 10% den mhaoiniú ó infheisteoirí chuig gnóthais nuathionscanta a bhfuil mná i gceannas orthu. Is aidhm leis an BEI an bhearna sin a líonadh ach tacú leis na cuideachtaí sin ar gach céim dá n-aistear gnó.

Féadann bloghanna de phróitéiní a dtugtar peiptídí orthu srian a chur le leathadh galar i gcorp an duine. Is é an fhadhb ná teacht orthu. Níl iontu ach cúpla móilín i ndeireadh na dála, agus tá na billiúin móilíní in aon phlanda amháin. Ach tá cuideachta Éireannach darb ainm Nuritas tar éis teicneolaíocht intleachta saorga a fhorbairt a chuireann ar chumas eolaithe peiptídí a bhrath níos tapa, iad a chur ar an margadh níos gasta, agus costais a laghdú ag an am céanna.

> **"Tá sprioc dhomhanda againn – saol na mbilliún daoine a fheabhsú."**

"Is féidir a fháil amach cén chaoi roinnt mhaith galar a chosc ach breathnú ar shonraí bia," arsa Nora Khaldi, bunaitheoir agus príomhoifigeach eolaíochta Nuritas. Rinne Khaldi, a bhfuil fuil Éireannach agus Fhrancach inti, staidéar ar an matamaitic sular bhain sí amach céim dhochtúra san éabhlóid mhóilíneach agus bithfhaisnéisíocht. "Tá sprioc dhomhanda againn – saol na mbilliún daoine a fheabhsú."

Tá a cuid saineolais curtha i bhfeidhm ag Khaldi ar bhealach eagraithe, díograiseach. Is í a cuideachta an chéad chuideachta a bhain leas as intleacht shaorga agus anailís ar ADN chun teacht ar pheiptídí i bhfoinsí nádúrtha, ar nós bia, agus úsáid a bhaint astu.

San Aontas Eorpach ní théann ach 10% den mhaoiniú ó infheisteoirí chuig gnóthais nuathionscanta a bhfuil mná i gceannas orthu. Is aidhm leis an BEI an bhearna sin a líonadh ach tacú leis na cuideachtaí sin ar gach céim dá n-aistear gnó. Chomhaontaigh an BEI €30 milliún a chur ar fáil do Nuritas – an chéad chuideachta bhiteicneolaíochta de chuid na hÉireann atá tacaithe ag an gCiste Eorpach um Infheistíochtaí Straitéiseacha faoin bPlean Infheistíochta don Eoraip – d'fhonn dlús a chur le forbairt a hardáin intleachta saorga chun peiptídí coiscthe nó cóireála galar a aimsiú ar an mbealach is tapa agus is cruinne sa tionscal.

"Chuaigh an úsáid nuálach atá á baint acu as an teicneolaíocht agus líon na margaí domhanda atá déanta cheana féin acu i bhfeidhm go mór orainn," ar Stefano Marzario, an t-oifigeach infheistíochta de chuid an BEI atá ag obair le Nuritas. "Is é an aidhm atá againn ná teacht ar na cuideachtaí nuálacha is tapa fás, go háirithe iad siúd a bhfuil mná i gceannas orthu. Tá Nuritas díreach i gceart."

Nora Khaldi
Bunaitheoir agus príomhoifigeach eolaíochta Nuritas

RIALACHAS

Is éard atá sa BEI ná comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh, atá freagrach do na Ballstáit, agus banc, a chloíonn leis an dea-chleachtas baincéireachta is infheidhme ó thaobh cinnteoireachta, bainistíochta agus rialuithe de.

Tá **an Bord Gobharnóirí** comhdhéanta d'airí rialtais, Airí Airgeadais de ghnáth, ó gach ceann de na 28 Ballstát. Is iad na Gobharnóirí a leagann síos na treoirlínte maidir beartas creidmheasa an Bhainc agus a fhaomhann na cuntais bhliantúla uair sa bhliain. Cinneann siad méaduithe caipitil agus cibé acu an ceadmhach don Bhanc páirt a ghlacadh in oibríochtaí maoinithe taobh amuigh den Aontas Eorpach. Déanann siad an Bord Stiúrthóirí, an Coiste Bainistíochta agus an Coiste iniúchóireachta a ainmniú chomh maith.

Is é **an Bord Stiúrthóirí** a dhéanann cinntí ar iasachtaí, cláir iasachta agus ábhair eile a bhaineann le cúrsaí maoinithe. Tagann siad le chéile deich n-uaire sa bhliain lena chinntiú go mbíonn an Banc á rith de réir chonarthaí an Aontais Eorpaigh, reacht an Bhainc féin, agus treoracha ginearálta arna leagan síos ag an mBord Gobharnóirí. Is ann do 29 stiúrthóir, stiúrthóir amháin arna ainmniú ag gach Ballstát agus stiúrthóir amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún Eorpach. Is ann do 19 stiúrthóir mhalartacha chomh maith. Le cur le saineolas gairmiúil an Bhoird Stiúrthóirí, féadtar seisear saineolaithe a chomhthoghadh chun a bheith páirteach i gcruinnithe mar chomhairleoirí gan ceart vótála. Is trí thromlach a ionadaíonn nach lú ná 50% de chaipiteal suibscríofa na mBallstát agus aon trian de na comhaltaí boird a bhfuil ceart vótála acu a dhéantar cinntí, mura bhforáiltear a mhalairt sa Reacht. Déanann an tUachtarán cathaoirleacht ar an mBord, ach gan ceart vótála a bheith aige nó aici.

Is é **an Coiste Bainistíochta** an comhlacht cinnteoireachta ar an láthair. Déanann sé maoirseacht ar reáchtáil an Bhainc ó lá go lá, ullmhaíonn cinntí don Bhord Stiúrthóirí agus déanann cinnte de go gcuirtear na cinntí sin i bhfeidhm. Tagann na comhaltaí le chéile uair sa tseachtain. Oibríonn an Coiste Bainistíochta faoi údarás an Uachtaráin agus faoi mhaoirseacht an Bhoird Stiúrthóirí. Is iad leasuachtaráin an BEI an t-ochtar comhaltaí eile. Maireann téarma in-athnuaite na gcomhaltaí sé bliana agus níl siad freagrach ach don Bhanc amháin.

Ina theannta sin uile, tá **Coiste Iniúchóireachta** neamhspleách ag an mBanc, agus é freagrach go díreach don Bhord Gobharnóirí. Tá sé freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an Bhainc agus as a dhearbhú go mbíonn gníomhaíochtaí an Bhainc ag teacht leis an dea-chleachtas baincéireachta. Cuirtear ráiteas an Choiste Iniúchóireachta faoi bhráid an Bhoird Gobharnóirí, i dteannta thuairisc bhliantúil an Bhoird Stiúrthóirí. Bíonn seisear comhaltaí ar an gCoiste Iniúchóireachta agus maireann a dtéarma neamh-inathnuaite sé bliana airgeadais as a chéile.

SÚIL CHUN CINN

Shocraigh an Banc sprioc €63 billiún maidir le sínithe iasachtaithe nua don bhliain 2019. Déantar talamh slán de leis an sprioc sin go gcuirfear ar ais an caipiteal íoctha €3.5 billiún atá le haistarraingt ag an Ríocht Aontaithe mar gheall ar Brexit.

Tá forbairt thar na bearta tagtha ar ghníomhaíochtaí an Bhainc le blianta beaga anuas toisc gur ghlacamar le ról ní ba mhó i dtionscnaimh bheartais an Aontais Eorpaigh a chur i ngníomh. Déanta na fírinne, tá Grúpa an BEI athraithe ó bhonn ó thosaigh an Banc ag obair leis an gCiste Eorpach um Infheistíochtaí Straitéiseacha d'fhonn páirtithe príobháideacha a spreagadh chun maoiniú a chur ar fáil do thionscadail thábhachtacha agus ó thosaíomar ag díriú ar shainorduithe maoinithe a chomhlíonadh, leis.

Buaicphointí Phlean Oibríochta an BEI, 2019

Maidir le "gníomhaíochtaí speisialta" ardriosca an Bhainc, a bhfuil tionscadail a bhaineann leis an gCiste Eorpach um Infheistíochtaí Straitéiseacha ina measc, leanann siad den Bhanc a chur chun cinn taobh amuigh dá ghrúpa traidisiúnta custaiméirí agus margaí, agus is iondúil go mbíonn tuilleadh oibrithe ag teastáil lena n-aghaidh freisin. Ar aon dul leis an treocht atá ann le blianta beaga anuas, is le cliaint nua a dhéanfar cuid mhaith – thart ar 50% – de na margaí. Ardaíonn an figiúr sin go 80% i gcás na dtáirgí agus na dtionscnamh nua i réimse na ngníomhaíochtaí speisialta.

Tá spriocanna uaillmhianacha ag an mBanc ó thaobh iasachtaí a thabhairt do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide agus do chuideachtaí meánchaipitlithe, agus níos mó agus níos mó maoinithe á chur i dtreo fiontair nuálacha i gcónaí. Fágann sé sin gur chóir go mbeadh luch €17.4 billiún d'fhíorthacaíocht curtha ar fáil do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide agus do chuideachtaí meánchaipitlithe in 2019. Nuair a chuirtear maoiniú ón gCiste Eorpach Infheistíochta san áireamh, d'fhéadfadh sé go mbeadh breis is €22 billiún de thacaíocht curtha ar fáil ag Grúpa an BEI do ghnóthais bheaga in 2019 agus 2020.

Tá Seirbhísí Comhairleacha fós ina gcuid thábhachtach dár ngnó. Táimid ag súil le 528 sannachán nua in 2019, thart ar an líon céanna le 2018, chun tacú le luach €45 billiún d'infheistíochtaí. Tá gealltanas tugtha againn go gcuirfimid céatadán nach lú ná 25% dár n-acmhainn iasachtaithe féin i leataobh do thionscadail aeráide gach bliain, agus go méadóimid an cion den mhaoiniú a chuirtear ar fáil do thíortha atá tiomanta do ghníomhú ar son na haeráide ó 25% go 35%. Tá ár bhfocal tugtha againn freisin go ndéanfaimid luach $100 billiún d'infheistíochtaí a mhaoiniú sa ghníomhú ar son na haeráide ar fud an domhain idir 2016 agus 2020. Leanfaidh an Banc air ag díriú ar thionscadail infreastruchtúir chomh maith, iad siúd a laghdaíonn dramhaíl agus a chaomhnaíonn acmhainní go háirithe.

An banc, a rinne comóradh ar sheasca bliain a bhunaithe in 2018, tá sé ag athrú de shíor. Ach tá sé fós tiomanta don tionchar is mó is féidir a imirt i réimsí an chomhtháthaithe shóisialta, an iomaíochais, agus an athraithe aeráide d'fhonn tacú leis an Aontas Eorpach a bheith ina cheann feadhna ar son na cobhsaíochta ar fud an domhain.

bliain
60
feabhas ar an saol.
le chéile.
years
together

CUIREADH DEISEANNA AR FÁIL

TUARASCÁIL GHNÍOMHAÍOCHTA 2018

Grúpa an
Bhainc Eorpaigh
Infheistíochta

Tá Grúpa an BEI comhdhéanta den Bhanc Eorpach Infheistíochta agus den Chiste Eorpach Infheistíochta.

An Banc Eorpach Infheistíochta
98-100, boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Lucsamburg
+352 4379-1
www.eib.org – **info@eib.org**

twitter.com/EIB
facebook.com/EuropeanInvestmentBank
youtube.com/EIBtheEUbank

An Ciste Eorpach Infheistíochta
37B, avenue J.F. Kennedy
L-2968 Lucsamburg
+352 2485-1
www.eif.org – **info@eif.org**

GA 06/2019